An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022

# Clár Ábhar


Ráiteas ón gCathaoirleach 2

Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach 4

Maidir Linne 6

2022 – Príomh-Bhuaicphointí 7

Ár Straitéis a Chomhlíonadh 8

Earnáil Carthanas na hÉireann – forbhreathnú 12

Clárú Carthanas 18

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú 28

Seirbhísí Carthanais agus Gnóthaí Dlí 34

Cumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí 41

Rochtain ar Fhaisnéis 48

Rialachas agus Bainistíocht 52

An tÚdarás Rialála Carthanas 59

An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin 64

Ráitis Airgeadais 66



# Ráiteas ón gCathaoirleach

Tá áthas orm an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil uaim, agus an ceann deireanach uaim, a sheoladh. Rachaidh mé ar scor ón Údarás i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas (an Rialálaí) sa bhliain 2014, faoin Acht Carthanas 2009, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as carthanais a oibríonn in Éirinn a chlárú agus a rialáil. Agus muid ag oibriú faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt ar dtús, táimid ag oibriú faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail ó mhí Iúil 2017, tráth a tosaíodh an tOrdú Carthanas (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú).

Gné bhunúsach dár gcuid oibre is ea iontaoibh agus muinín an phobail as an earnáil carthanas a mhéadú. Na daoine den phobal a chruinníonn airgead do charthanais, nó a thugann tabhartais dóibh, tuilleann siad dearbhú go mbíonn na tabhartais á n-úsáid chun na críche beartaithe.

D’fhéachamar ó thús le Rialálaí atá nua-aimseartha, láidir agus sciobtha a bhunú. Táimid ag soláthar rialáil éifeachtach láidir ó bunaíodh an eagraíocht, ar rialáil í atá trédhearcach, cuntasach agus comhréireach. Chruthaíomar Clár poiblí Carthanas atá cruinn agus sholáthraíomar saoráidí inrochtana trínar féidir gearáin agus/nó ábhair imní a chur in iúl agus gníomh a dhéanamh ina leith.

Spriocdhíríomar acmhainní agus iarrachtaí ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó freisin. Tá sé de chumhacht againn imscrúduithe agus ionchúisimh a dhéanamh ó mhí Mheán Fómhair 2016, tráth thosach feidhme Chuid 4 den Acht Carthanas 2009, agus sheolamar roinnt imscrúduithe reachtúla le linn na tréimhse sin. Ní thosaítear imscrúduithe den sórt sin ach amháin tar éis comhairliúchán fairsing a dhéanamh agus mar rogha dheiridh.

Bhíomar in ann ár gcuid oibre a dhéanamh trí eagraíocht atá éifeachtach, éifeachtúil agus oiriúnach don fheidhm a chruthú. Bhunaíomar struchtúr éifeachtach riaracháin don eagraíocht, agus baill foirne atá cáilithe, seanchleachta agus oilte go cuí againn. Ó lár na bliana 2022, tá na baill foirne uile fostaithe go díreach ag an Rialálaí Carthanas faoi mhórthionscadal neamhspleáchais chorparáidigh, arb é an toradh a bheidh air go nglacfaidh an Rialálaí rialú iomlán ar a fheidhmeanna acmhainní daonna, párolla agus pinsean faoi dheireadh na bliana 2023.

Mar aon leis an bhfreagracht as carthanais a chlárú agus a rialáil, aistríodh chuig an Rialálaí freisin sa bhliain 2014 an fhreagracht as an obair a rinne Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla roimhe sin. Ar mhaithe leis an obair sin a riar, bhunaíomar Fochoiste chun comhairle a thabhairt don Bhord. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBreitheamh John O’Connor, atá ina chomhalta seachtrach den Fhochoiste sin ó bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014 é.

Ar dháta ár mbunaithe, measadh 8,444 charthanas ag a raibh uimhir charthanais ó na Coimisinéirí Ioncaim a bheith cláraithe. Chláraigh 5,458 gcarthanas nua ó shin i leith, lenar áiríodh 3,514 scoil. Díchláraíodh 2,396 charthanas freisin. Bhí 11,506 charthanas ann i mí na Nollag 2022, lenar áiríodh 3,693 scoil.

Forbraíodh trí Ráiteas Straitéise ó bunaíodh an eagraíocht, agus leagadh amach i ngach ceann díobh conas a d’oibreoimis chun earnáil carthanas atá beoga agus a bhfuil iontaoibh aisti a bhaint amach. Agus gach straitéis á forbairt, chuathas i mbun comhairliúchán fadréimseach agus leagadh díriú ar na saincheisteanna a bhí i réim ag an am. Seoladh an Ráiteas Straitéise reatha sa bhliain 2022, rud lena gcumhdaítear an tréimhse idir 2022 – 2024. Dírítear ann ar a chinntiú go ndéantar rialáil láidir chomhréireach agus go gcuirtear feabhas ar chumarsáid le carthanais agus leis an bpobal chun cur leis an bhfeasacht agus an tuiscint atá acu ar rialáil carthanas.

Táimid tiomanta ó thús do chaidreamh a dhéanamh lenár leas-sealbhóirí ar bhealach a gcuireann bonn eolais faoinár gcuid oibre agus a dtugann deis fhiúntach do charthanais chláraithe aiseolas a thabhairt. Áiríodh leis sin painéil chomhairleacha a bhunú ar nithe amhail cruinniú airgid do charthanais, cód rialachais a fhorbairt don earnáil carthanas, agus rialacháin tuairiscithe agus chuntasaíochta a thabhairt isteach d'eagraíochtaí carthanúla.

Gné thábhachtach eile dár gcuid oibre is ea taighde, lena dtugtar léargas luachmhar agus tuiscint níos doimhne ar an earnáil carthanas. Sa bhliain 2018, choimisiúnaíomar Indecon chun taighde a dhéanamh ar mhéid agus tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na hearnála carthanas. Deimhníodh sa tionscadal sin an ról ríthábhachtach atá ag carthanais in Éirinn, an tionchar suntasach eacnamaíoch agus sóisialta a imríonn siad agus an mhórthairbhe phoiblí a sholáthraíonn siad do phobail ar fud na hÉireann agus ar fud na cruinne araon. Choimisiúnaíomar suirbhéanna ar an bpobal agus ar an earnáil í féin freisin. D'fhoilsigh Amárach an ceann is déanaí de na suirbhéanna sin i mí na Bealtaine 2023.

Cosúil le gach comhlacht eile san earnáil phoiblí, bhí impleachtaí suntasacha phaindéim COVID-19 le sárú againn sa bhliain 2020. Chuaigh baill foirne an Rialálaí in oiriúint don chianobair agus lean siad ar aghaidh le sársheirbhís a sholáthar dár gcliaint le linn na tréimhse an-deacair sin. Áiríodh leis sin spriocdhátaí tuairiscithe a athbhreithniú chun carthanais a éascú, tráth a bhí brúnna suntasacha eiseacha ar chuid mhór díobh.

D'oibríomar go dlúth le leas-sealbhóirí le linn na bliana 2020 chun a chinntiú go leanfaí ar aghaidh le cur i bhfeidhm beartaithe an Chóid Rialachais do Charthanais. Forbraíodh an Cód tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin. Is tionscnamh tábhachtach é an Cód, agus leagtar amach ann na híoschaighdeáin ar cheart do gach carthanas iad a chomhlíonadh chun a chinntiú go mbainistítear iad ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach. Mórúdar misnigh dúinn is ea freagairt dhearfach na hearnála don Chód Rialachais do Charthanais.

Sheolamar tionscnamh tábhachtach eile sa bhliain 2022. Leis an gcaighdeán aicmiúcháin carthanas, beidh carthanais chláraithe in ann iad féin a chur in aithne bunaithe ar a bpríomhghníomhaíochtaí, rud lena gcumasófar catagóiriú carthanas. Tríd an bhfaisnéis a fhoilsiú ar an gClár, cuirfear feabhas ar an tuiscint ar an earnáil carthanas ar deireadh. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann staidreamh agus faisnéis níos fearr a tháirgeadh chun críocha comparáide agus staidéir. Fágfaidh sé freisin go mbeidh sé níos fusa don phobal agus do mhaoinitheoirí i gcoitinne a shainaithint cé na carthanais a dhíríonn ar chuspóirí carthanúla a bhfuil spéis acu iontu.

D'oibríomar go dlúth lenár máthair-Roinn le linn na bliana 2022 chun an Bille Carthanas (Leasú), 2022, a chur ar aghaidh freisin. A bhuí le rith an Bhille sin, cuirfear go mór leis an gcumas atá againn tuilleadh trédhearcachta a chinntiú i measc carthanais chláraithe trí chur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí ón bpainéal comhairleach ar Rialacháin Chuntasaíochta d'eagraíochtaí carthanúla.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mBord (idir iarchomhaltaí agus chomhaltaí reatha), lenár bhFochoistí Boird, lena n-áirítear na comhaltaí seachtracha, agus lenár mbaill foirne dhícheallacha thiomanta atá á stiúradh go hábalta ag Helen Martin, ár bPríomhfheidhmeannach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Heather Humphries TD, an tAire Coimirce Sóisialaí, Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena baill foirne, le Joe O'Brien TD, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht as Forbairt Pobail agus as Carthanais, agus lenár leas-sealbhóirí uile. De bharr bhur dtacaíochta leantaí don obair thábhachtach a dhéanaimid i gcarthanais a rialáil ar mhaithe le leas an phobail, táimid ag druidim níos gaire fós leis an bhfís atá ag an Rialálaí Carthanas a bhaint amach, mar atá earnáil carthanas a bheith ann atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.



**Paddy Hopkins - Cathaoirleach**

# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



Bliain ríthábhachtach ba ea an chéad bhliain den Tríú Ráiteas Straitéise ón Rialálaí Carthanas don tréimhse 2022-2024. Le linn na bliana 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le struchtúr corparáideach an Rialálaí Carthanas, i ndáil le feasacht phoiblí a mhúscailt ar rialáil carthanas trí fheachtais fógraíochta raidió náisiúnta, trí imeachtaí do leas-sealbhóirí agus trí chaidreamh le leas-sealbhóirí ar leasuithe reachtacha beartaithe, i ndáil le feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar an gClár Poiblí Carthanas agus i ndáil le roinnt tionscnamh comhlíonta.

Bhí sé mar chuspóir straitéiseach tábhachtach ag an Rialálaí Carthanas struchtúr láidir cobhsaí eagrúcháin a bhunú trí bhaill foirne atá oilte agus seanchleachta a earcú go díreach ar fud na heagraíochta. Tar éis baill foirne sheanchleachta a chailleadh le linn na bliana 2021 agus i dtús na bliana 2022, ba ghá feachtas mór earcaíochta a sheoladh sa dara leath den bhliain chun roinnt folúntas a líonadh ar fud na heagraíochta. D'éirigh leis an Rialálaí Carthanas na folúntais uile, beagnach, a líonadh faoi dheireadh na bliana 2022. Líonadh na folúntais eile faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2023. B'éacht shuntasach é sin, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord an Rialálaí Carthanas, leis an bhfoireann ardbhainistíochta, leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus leis na baill foirne uile as an bhfód a sheasamh le linn tréimhse an-dúshlánach. Tá muinín agam go mbainfidh an eagraíocht, an earnáil agus an mórphobal an-tairbhe as na buntáistí fadtéarmacha a bhaineann le hearcaíocht dhíreach ó thaobh forbairt agus coinneáil foirne de.

Áiríodh le tionscnaimh ábhartha eile a gabhadh de láimh le linn na bliana 2022 méadrachtaí maidir le rannpháirtíocht agus sástacht fostaithe a bhunú agus beartas um obair chumaisc a sheoladh. Seoladh triail ghaolmhar um obair chumaisc freisin agus déanfar measúnú ar thorthaí na trialach sa bhliain 2023.

Mar gheall ar a thábhachtaí atá iontaoibh agus muinín an phobail do charthanais in Éirinn, gabhadh roinnt tionscnamh múscailte feasachta poiblí de láimh chun an pobal a spreagadh an Clár Carthanas a sheiceáil sula dtugann siad am, airgead nó earraí d'aon eagraíocht. Coimisiúnaíodh an dara suirbhé ar dhearcthaí an phobail i leith na hearnála carthanas ag deireadh na bliana 2022, mar aon le suirbhé ar an earnáil carthanas. Tá torthaí an dá shuirbhé le foilsiú sa bhliain 2023.

Sa bhliain 2022, lean an Rialálaí Carthanas le hiarracht a dhéanamh an creat rialála a neartú do charthanais trí thuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a sholáthar i leith airgeadas carthanas agus trí chur leis an raon uirlisí rialála atá ar fáil don Rialálaí Carthanas chun rialáil chomhréireach éifeachtach a chinntiú. Le linn na bliana, chuaigh an Rialálaí Carthanas i dteagmháil le hoifigigh inár máthair-Roinn ar thograí chun na hAchtanna Carthanas a leasú. Ba é an toradh a bhí ar an obair sin ná aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach agus láithriú os comhair an Choiste Oireachais ar cuireadh de chúram air grinnscrúdú réamhreachtach a dhéanamh ar Scéim Ghinearálta an Bhille Carthanas (Leasú) i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Mar gheall ar a thábhachtaí atá comhar riaracháin le gníomhaireachtaí eile stáit agus le Ranna Rialtais, bhí lúcháir orainn Meabhráin Tuisceana bhreise a thabhairt i gcrích leis an gCoimisiún Carthanas do Thuaisceart Éireann agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Beag beann ar dhúshláin shuntasacha foirne, cláraíodh 163 charthanas nua agus dhéileáil ionad teagmhála an Rialálaí Carthanas le níos mó ná 14,500 teagmháil ó chustaiméirí sa bhliain 2022.

Ceann amháin de na feidhmeanna tábhachtacha atá ag an Rialálaí Carthanas is ea a chinntiú go bhfuil rochtain réidh ag an bpobal ar fhaisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta faoi charthanais chláraithe. Chun an Clár a fheabhsú arís eile, seoladh foirm nua ar líne um shonraí carthanais a fhíorú chun go mbeadh sé níos fusa do charthanais chláraithe a sonraí a choinneáil cothrom le dáta ar an gClár.

Ina theannta sin, seoladh caighdeán aicmiúcháin nua do charthanais chláraithe sa bhliain 2022 de bhun caidreamh fairsing le leas-sealbhóirí agus de bhun comhairliúchán poiblí. Mórúdar misnigh dúinn is ea an fhreagairt dhearfach don chaighdeán aicmiúcháin ó seoladh é agus an líon carthanas a chomhlánaigh an fhoirm aicmiúcháin dá n-eagraíocht cheana féin. Is féidir leis an earnáil agus leo sin a bhfuil spéis acu san earnáil, amhail comhlachtaí cistiúcháin, an lucht déanta beartas agus taighdeoirí, tairbhí tábhachtacha a bhaint as aicmiúchán cuimsitheach a bheith ann ar charthanais na hÉireann.

Lean ár n-aonad Seirbhísí Carthanais le tacaíocht a thabhairt do charthanais agus dá gcomhairleoirí le linn na bliana 2022 trí phróiseáil a dhéanamh ar iarratais faoi na hAchtanna Carthanas roimhe. Ina theannta sin, dhún ár n-aonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú níos mó ná 500 ábhar imní, d’oscail sé dhá imscrúdú reachtúla agus d’fhoilsigh sé tuarascáil cigirí amháin. Lean ár bhfoireann le tacaíocht a thabhairt do charthanais freisin trí threoirdhoiciméid a eisiúint agus trí roinnt mhaith seimineár Gréasáin agus imeachtaí a óstáil d’iontaobhaithe carthanais ar raon leathan ábhar ar fud na bliana.

Gan aon cheanglas a bheith orthu ráitis airgeadais mhionsonraithe a fhoilsiú, tá an tuarascáil bhliantúil ina sásra ríthábhachtach trínar féidir le carthanais trédhearcacht agus cuntasacht a léiriú do dheontóirí agus don mhórphobal. Údar díomá dúinn ba ea nár chomhdaigh ach 59% de charthanais chláraithe a dtuarascáil bhliantúil in am sa bhliain 2022. Tá tionscnamh spriocdhírithe comhlíonta agus forfheidhmiúcháin ar siúl faoi láthair chun carthanais neamhchomhlíontacha a thabhairt i gcomhréir lena gceanglais nuair is féidir agus chun déileáil go cinntitheach leis na carthanais sin a mhainnigh arís agus arís eile tuarascálacha bliantúla a chomhdú ar bhealach tráthúil.

Tá ríthábhacht ag baint le rialachas do charthanais chláraithe agus don phobal go fóill. Tháinig méadú eile ar an líon carthanas a dhearbhaigh go bhfuil an Cód Rialachais do Charthanais á chomhlíonadh go hiomlán acu, agus é ag ardú go 73% sa bhliain 2022. Tá carthanais chláraithe le moladh ar a gcuid oibre chun an Cód a chur chun feidhme, agus táimid ag tnúth le hobair i gcomhar leis an earnáil chun a chinntiú go leanfar le tacar uirlisí an Rialálaí Carthanas d’ábhair threorach agus de theimpléid a fhorbairt chun go mbeidh an treoir riachtanach agus na hábhair riachtanacha ar fáil do charthanais chláraithe chun gur féidir iad a rialú go maith.

Cé go raibh an bhliain 2022 ina bliain dhúshlánach, baineadh cuid mhór éachtaí amach lena linn. Thug na héachtaí sin ar fad bonn láidir ar ar féidir cuspóirí straitéiseacha an Rialálaí Carthanas a chomhlíonadh le linn na mblianta 2023 agus 2024. Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach as ucht a thacaíochta, a cheannaireachta agus a dhíograise d’fhís an Rialálaí Carthanas le linn a thionachta. Tríd an eagraíocht a chur ar bhonn láidir cobhsaí, agus le tacaíocht leanúnach ónár máthair-Roinn, ón mBord, ó ardbhainisteoirí, ónár mbaill foirne thiomnaithe agus ón líon mór leas-sealbhóirí atá againn, tá muinín agam gur féidir leis an Rialálaí Carthanas leanúint leis an misean atá aige a chomhlíonadh, is é sin an earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail chun comhlíonadh an dlí carthanas a chinntiú agus chun tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán carthanas.



**Helen Martin - Príomhfheidhmeannach**

# Maidir Linne

## Fís

**Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.**

## Misean

**An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail chun comhlíonadh an dlí carthanas a chinntiú agus chun tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán carthanas.**

## Luachanna

**Neamhspleáchas:** Déanaimid cinntí go neamhspleách agus chun leas an phobail.

**Cothroime:** Oibrímid go cothrom agus go neamhchlaon agus le hionracas. Cuirimid ár nósanna imeachta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tugaimid údar lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí.

**Meas:** Bímid measúil inár gcaidreamh ar fad. Déanaimid cumarsáid lenár leas-sealbhóirí agus éistimid leo. Glacaimid cur chuige comhoibríoch nuair is féidir. Bímid gairmiúil i gcónaí agus féachaimid le sárthorthaí a bhaint amach.

**Cuntasacht:** Déanaimid cinntí ar bhonn fianaise. Cuirimid faisnéis ábhartha ar fáil faoinár n-oibríochtaí agus faoin earnáil. Seasaimid lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí agus glacaimid freagracht astu.

**Comhréireacht:** Aithnímid éagsúlacht na n-eagraíochtaí a ndéanaimid rialáil orthu. Déanaimid rialáil ar bhealach comhréireach agus dírímid na hacmhainní atá ar fáil dúinn ar na réimsí lena mbaineann an tionchar agus an riosca is mó ar mhaithe leis an tionchar is mó is féidir a bhaint amach.

## Na nithe a dhéanaimid

Is é an Rialálaí Carthanas an comhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as carthanais a oibríonn in Éirinn a chlárú agus a rialáil. Oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Áirítear leis na príomhfheidhmeanna atá againn Clár poiblí Carthanas a chothabháil agus comhlíonadh na nAchtanna Carthanas a chinntiú.

Déileálaimid le hábhair imní faoi charthanais freisin agus, faoi Chuid 4 den Acht Carthanas 2009, tá sé de chumhacht ag an Rialálaí Carthanas cigirí a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí aon charthanais.

Soláthraímid seirbhísí do charthanais áirithe freisin, lena n-áirítear ceapadh iontaobhaithe carthanais nua agus diúscairt maoine carthanais a údarú i gcás nach bhfuil sé de chumhacht ag an gcarthanas é sin a dhéanamh. Ceadaímid scéimeanna Cy-près freisin, lena n-údaraítear athruithe ar thairbhithe aon bhronntanais charthanúil, amhail tiomnacht in uacht, agus athruithe ar na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le bronntanas den sórt sin.

# Na príomhfhigiúirí don bhliain 2022

**73%**
an céatadán de charthanais chláraithe a dhearbhaigh go bhfuil an Cód Rialachais do Charthanais á chomhlíonadh go hiomlán acu

**11,506**
an líon carthanas ar an gClár Carthanas

**6** an líon treoirdhoiciméad a foilsíodh

**1** an líon tuarascálacha imscrúdaithe a foilsíodh

**2**
an líon imscrúduithe reachtúla a osclaíodh

**642**
an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas

**566**
an líon ábhar imní a dúnadh

Beagnach
**124,000**
cuairteoir ar charitiesregulator.ie

**56,698**
an líon cuardach ar an gClár Carthanas

**14,640**
an líon teagmhálacha ar dhéileáil ár n-ionad teagmhála leo

**163** an líon carthanas nua a cláraíodh

**82** an líon carthanas a díchláraíodh

Charity Trustees' Week

**An 6ú**
Seachtain Iontaobhaithe Carthanais

**59%** an céatadán de charthanais a chomhdaigh a dtuarascáil bhliantúil in am

**1,480**
an líon daoine a d'fhreastail ar sheimineáir Ghréasáin

**58** an líon iarrataí saorála faisnéise ar tugadh freagra orthu

Seoladh Caighdeán aicmiúcháin
**nua**

# Ár Straitéis a Chomhlíonadh

# Ár straitéis a chomhlíonadh

Tá an obair a dhéanann an Rialálaí Carthanas bunaithe ar na Ráitis Straitéise uainn agus, go luath sa bhliain 2022, sheolamar an tríú ráiteas uainn, lena gcumhdaítear an tréimhse trí bliana idir 2022-2024.

Ba é an phríomhthosaíocht a sainaithníodh i dtaighde a rinneadh trí dhul i gcomhairle le leas-sealbhóirí éagsúla sular ceapadh an straitéis nua ná iontaoibh agus muinín an phobail as carthanais a chothú. Iarradh go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta do charthanais freisin.




Tá na nithe sin léirithe sa straitéis nua, ina ndírítear ar rialáil chomhréireach agus ar chumarsáid mhéadaithe le carthanais agus leis an bpobal. Leagtar ceithre thosaíocht straitéiseacha amach sa **Ráiteas Straitéise 2022-2024**:

1. Iontaoibh agus muinín an phobail as carthanais a neartú
2. Rialáil agus cosaint atá comhréireach agus rioscabhunaithe a sholáthar
3. Comhlíonadh a chur chun cinn agus caidreamh a fheabhsú
4. Éifeachtúlacht oibríochtúil agus soláthar seirbhíse a fheabhsú

Tacaíonn ár gcuid oibre sna réimsí seo a leanas leis na tosaíochtaí straitéiseacha sin:

- Clárú carthanas
- Comhlíonadh agus forfheidhmiú
- Seirbhísí carthanais agus gnóthaí dlí
- Cumarsáid agus caidreamh le leas-sealbhóirí
- Rochtain ar fhaisnéis
- Rialachas agus bainistíocht

## Gníomh Straitéiseach 1:
**Neartófar iontaoibh agus muinín an phobail as carthanais chláraithe.**

### Éachtaí sa bhliain 2022

- Coimisiúnaíodh an dara suirbhé ar dhearcthaí an phobail i leith na hearnála carthanas ag deireadh na bliana 2022, mar aon le suirbhé ar an earnáil carthanas. Foilseofar torthaí an dá shuirbhé sa bhliain 2023 agus úsáidfear iad chun bonn eolais a chur faoi obair an Rialálaí Carthanas.
- Gabhadh roinnt tionscnamh múscailte feasachta poiblí de láimh chun an pobal a spreagadh an Clár Carthanas a sheiceáil sula dtugann siad am, airgead nó earraí d'aon eagraíocht.
- Seoladh feachtas fógraíochta raidió náisiúnta maidir le hábhair imní faoi charthanais a chur in iúl don Rialálaí Carthanas.
- Rinneadh aighneachtaí maidir leis an mBille Carthanas (Leasú), 2022, agus é mar aidhm leo an creat rialála a neartú do charthanais.

## Gníomh Straitéiseach 2:
**Beidh an fhormhaoirseacht agus an mhaoirseacht rialála a dhéanann an Rialálaí Carthanas éifeachtach agus comhréireach.**

### Éachtaí sa bhliain 2022

- Seoladh an caighdeán Aicmiúcháin Carthanas nua.
- Tháinig méadú eile ar an líon carthanas a dhearbhaigh go bhfuil an Cód Rialachais do Charthanais á chomhlíonadh go hiomlán acu.
- Rinneadh iniúchadh ar shampla ionadaíoch de charthanais chun cruinneas na ndearbhuithe uathu maidir le comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais a fhíorú.
- Síníodh Meabhráin Tuisceana leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus leis an gCoimisiún Carthanas do Thuaisceart Éireann.
- Seoladh foirm um shonraí carthanais a fhíorú chun cruinneas an Chláir Carthanas a fheabhsú trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt do charthanais chláraithe a chinntiú go gcoinnítear a sonraí carthanais cothrom le dáta ar an gClár poiblí Carthanas.

## Gníomh Straitéiseach 3:
**Beidh an treoir riachtanach agus na hábhair riachtanacha ar fáil do charthanais chláraithe chun gur féidir iad a rialú go maith.**

### Éachtaí sa bhliain 2022

- Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar inrochtaineacht an tsuímh Gréasáin; tosaíodh ag obair ar na moltaí a chur chun feidhme agus críochnófar an obair sin le linn na bliana 2023.
- Reáchtáladh seacht seimineár Gréasáin, agus 1480 duine san iomlán ag freastal orthu. Áiríodh leo sin dhá imeacht treorach a reáchtáladh le linn Sheachtain na nIontaobhaithe Carthanais agus inar pléadh an Cód Rialachais do Charthanais agus sciúradh airgid.
- Foilsíodh sé threoirdhoiciméad.




## Gníomh Straitéiseach 4:
**Oibreoidh an Rialálaí Carthanas go héifeachtúil agus soláthróidh sé seirbhísí feabhsaithe.**

### Éachtaí sa bhliain 2022

- Críochnaíodh ár dtionscadal neamhspleáchais chorparáidigh go substaintiúil, agus gach ball foirne riachtanach á n-earcú go díreach ag an Rialálaí Carthanas.
- Bhí leibhéil foirne cothrom le 96% i mí na Nollag 2022.
- Tugadh beartas um obair chumaisc isteach.
- Forbraíodh méadrachtaí maidir le rannpháirtíocht agus sástacht fostaithe agus seoladh suirbhé tosaigh chun figiúirí bonnlíne a bhunú chun críocha comparáide amach anseo.

# Earnáil Carthanas na hÉireann – forbhreathnú

# Forbhreathnú ar an earnáil carthanas

## Réamhrá

Déanann an Rialálaí Carthanas an **Clár poiblí Carthanas** (an Clár) a chothabháil. Tá an Clár ar fáil ar ár suíomh Gréasáin agus bhí 11,506 charthanas chláraithe ann ag deireadh na bliana 2022. Rinneadh 56,698 gcuardach ar an gClár poiblí le linn na bliana. Tá sé sin cothrom le cuardach amháin gach deich nóiméad nó mar sin.


Tá sa Chlár faisnéis lena dtacaítear le hearnáil carthanas atá trédhearcach agus soláthraítear ann raon sonraí faoi gach carthanas aonair, lena n-áirítear na sonraí seo a leanas:

- cuspóir carthanúil agus cuspóirí an charthanais;
- iontaobhaithe an charthanais (ar a dtugtar comhaltaí boird nó comhaltaí coiste freisin) – is iad seo na hoibrithe deonacha atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an charthanais;
- comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais, mar a dhearbhaigh an carthanas féin;
- na tuarascálacha bliantúla a comhdaíodh;
- faisnéis airgeadais;
- an líon ball foirne atá fostaithe.

Tá éagsúlacht ann i measc carthanas in Éirinn maidir lena bhfoirm dhlíthiúil (fíor 1), maidir lena gcuspóir carthanúil (tábla 1), maidir leis an líon fostaithe agus/nó oibrithe deonacha atá acu (táblaí 2 agus 3), agus maidir lena leibhéal ioncaim agus caiteachais (fíor 3), i measc a lán tosca eile. Tá éagsúlacht mhór ann ina measc maidir le castacht a ngníomhaíochtaí freisin – agus iad sa raon idir eagraíochtaí pobalbhunaithe agus eagraíochtaí a oibríonn thar lear nó le daoine soghonta.

### Foirm dhlíthiúil carthanas cláraithe

**Fíor 1**



## Cuspóir carthanúil carthanas

### Tábla 1

| Réimse | Cuspóir Carthanúil | An Líon Carthanas | % |
|---|---|---|---|
| **Oideachas** | Oideachas a chur ar aghaidh | 6,674 | 31.9 |
| **Leas an phobail** | Leas an phobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear faoiseamh dóibh siúd atá i ngátar de dheasca a óige atá siad, a shine atá siad, drochshláinte, nó éagumais | 2,380 | 11.4 |
| **An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch** | An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a mhaolú | 1,757 | 8.4 |
| **Daoine faoi mhíbhuntáiste a imeascadh** | Iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh, agus iad a spreagadh chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa tsochaí | 1,739 | 8.3 |
| **Creideamh** | Creideamh a chur ar aghaidh | 1,590 | 7.6 |
| **Sláinte** | An tsláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear breoiteacht, galair nó fulaingt daoine a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna | 1,384 | 6.6 |
| **Forbairt pobail** | Forbairt pobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear athbheochan tuaithe nó athbheochan uirbeach | 1,382 | 6.6 |
| **Freagracht chathartha nó obair shaorálach** | Freagracht chathartha nó obair shaorálach a chur chun cinn | 1,108 | 5.3 |
| **Na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó na heolaíochtaí** | Na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó na heolaíochtaí a chur ar aghaidh | 1,092 | 5.2 |
| **Réiteach coinbhleachtaí nó an t-athmhuintearas** | Réiteach coinbhleachtaí nó an t-athmhuintearas a chur ar aghaidh | 229 | 1.1 |
| **An comhshaol** | An timpeallacht nádúrtha a chosaint | 414 | 2.0 |
| **An comhshaol** | Inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh | 392 | 1.9 |
| **Caidreamh pobail** | Síth idir creidimh agus ciní mar aon le caidreamh sítheach pobail a chur chun cinn | 282 | 1.3 |
| **Maoin** | Úsáid éifeachtúil éifeachtach maoine eagraíochtaí carthanúla a chur ar aghaidh | 275 | 1.3 |
| **Fulaingt ainmhithe** | Fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna | 230 | 1.1 |

Nóta: Féadfaidh carthanais níos mó ná cuspóir amháin a bheith acu

## Bandaí fostaithe laistigh de charthanais, gan scoileanna a áireamh

### Tábla 2

| Bandaí Fostaithe | An Líon Carthanas | % |
|---|---|---|
| **DUINE AR BITH** | 2857 | 51.40% |
| **1-9** | 1803 | 32.40% |
| **10-19** | 360 | 6.50% |
| **20-49** | 303 | 5.40% |
| **50-249** | 158 | 2.80% |
| **250-499** | 32 | 0.60% |
| **500-999** | 16 | 0.30% |
| **1000-4999** | 32 | 0.60% |
| **5000+** | 2 | 0.00% |

Bunaithe ar thuarascálacha bliantúla a cuireadh faoi bhráid an Rialálaí Carthanas don bhliain 2021

## Bandaí oibrithe deonacha laistigh de charthanais, gan scoileanna a áireamh


### Tábla 3

| Bandaí Oibrithe Deonacha | An Líon Carthanas | % |
|---|---|---|
| **DUINE AR BITH** | 1305 | 23.5% |
| **1-9** | 2134 | 38.4% |
| **10-19** | 922 | 16.6% |
| **20-49** | 677 | 12.2% |
| **50-249** | 404 | 7.3% |
| **250-499** | 58 | 1.0% |
| **500-999** | 26 | 0.5% |
| **1000-4999** | 26 | 0.5% |
| **5000+** | 11 | 0.2% |

Bunaithe ar thuarascálacha bliantúla a cuireadh faoi bhráid an Rialálaí Carthanas don bhliain 2021

## An líon carthanas de réir contae


### Fíor 2




Is ag 26 charthanas eile ar an gClár Carthanas atá ceannoifig sa Bhreatain Mhór.

## Ioncam airgeadais

### Fíor 3




Ní áirítear scoileanna leis na figiúirí seo

Bunaithe ar thuarascálacha bliantúla a cuireadh faoi bhráid an Rialálaí Carthanas don bhliain 2021

# Clárú Carthanas

# Clárú Carthanas

Ceann amháin de na príomhfheidhmeanna reachtúla atá ag an Rialálaí Carthanas is ea an Clár Carthanas (an Clár) a chothabháil. Is ceanglas dlíthiúil é go mbeadh gach carthanas a oibríonn in Éirinn cláraithe leis an Rialálaí Carthanas, beag beann ar a méid, ar a struchtúr dlíthiúil agus ar a n-ioncam.

Gabhann roinnt tairbhí tábhachtacha lena bheith ar an gClár Carthanas in Éirinn, amhail iad seo a leanas:

- Ceadaítear d'eagraíocht carthanas a ghairm di féin. Ní fhéadfaidh eagraíocht carthanas a ghairm di féin ná a thabhairt le tuiscint gur carthanas í mura bhfuil sí cláraithe mar charthanas leis an Rialálaí Carthanas.
- Uimhir Charthanais Chláraithe, lena dtugtar dearbhú don phobal agus do dheontóirí gur comhlacht rialáilte í an eagraíocht.
- Féadfaidh carthanais leas a bhaint as roinnt díolúintí cánach, scéimeanna tairbhiúla agus lacáistí cánach trí na Coimisinéirí Ioncaim.
- Féadfaidh carthanais leas a bhaint as cistiú sonrach agus as deontais shonracha.
- Tá taifead ar gach carthanas ann sa Chlár poiblí Carthanas. Fágann sé sin go bhfuil an Clár ina fhoinse thábhachtach faisnéise do dheontóirí, do mhaoinitheoirí agus don phobal maidir le hairgeadas agus gníomhaíochtaí an charthanais.

## An próiseas clárúcháin

Is próiseas dlíthiúil é an próiseas trína gcláraítear eagraíochtaí mar charthanais in Éirinn, áit a ndéantar measúnú cúramach ar gach iarratas chun a chinntiú go gcomhlíonann iarratasóir na ceanglais chun clárú mar charthanas, mar atá leagtha amach san Acht Carthanas 2009 (an "tAcht"). Tugtar an 'tástáil carthanais' air sin. Is gá gur phróiseas láidir a bheadh sa phróiseas clárúcháin chun a chinntiú go bhfuil ag Éirinn earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.

Is gá do dhaoine nó d'eagraíochtaí a dhéanann iarratas chuig an Rialálaí Carthanas a léiriú:

- go bhféachann siad le cuspóir carthanúil nó cuspóirí carthanúla a chur chun cinn agus leis an méid sin a dhéanamh chun tairbhe phoiblí a sholáthar agus chuige sin amháin;
- go bhfuil pleananna soiléire i bhfeidhm acu maidir leis na gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe acu iad a sheoladh chun an cuspóir sin a chur ar aghaidh;
- go bhfuil tuiscint shoiléir acu ar cén chuid den phobal a bhainfidh tairbhe as a gcuid oibre agus conas a bhainfidh an chuid sin den phobal tairbhe;
- go bhfuil cumas acu an cuspóir carthanúil nó na cuspóirí carthanúla atá acu a chur ar aghaidh anois agus le linn shaolré an charthanais araon.

Tógann an próiseas iarratais tamall maith agus, mar gheall ar roinnt tosca, beidh an méid ama a rachaidh thart sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh ar iarratas ag brath ar an gcás. Toisc thábhachtach ina leith sin is ea cáilíocht agus iomláine na faisnéise a sholáthair iarratasóirí ar chlárú don Rialálaí Carthanas. Toisc thábhachtach eile is ea cé chomh tapa agus a thugann iarratasóirí freagra ar aon cheisteanna agus cé chomh tapa agus a fhreagraíonn siad d'aon iarrataí ar fhaisnéis bhreise.

Faoin Acht, ní fhéadfaidh an Rialálaí Carthanas diúltú d'iarratas neamhiomlán ar charthanas a chlárú. Fágann sé sin nach mór don Rialálaí Carthanas cinneadh substainteach a dhéanamh i ngach cás ar cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar iarratasóir a iontráil sa Chlár Carthanas. Is é an toradh a bhíonn air sin uaireanta ná go ndéanann an Rialálaí Carthanas caidreamh leanúnach le hiarratasóirí thar thréimhse fhada ama chun na hiarratais uathu a thabhairt chuig céim ag ar féidir cinneadh cothrom láidir a dhéanamh. Seoladh gach iarratas ar ais chuig iarratasóirí cúig huaire ar an meán sa bhliain 2022.

Is féidir leis sin fadhbanna a chruthú agus déanann sé difear d'éifeachtúlacht fhoriomlán an phróisis clárúcháin i gcásanna áirithe. Tá sé beartaithe laistigh de Scéim Ghinearálta an Bhille Carthanas (Leasú), 2022, leasú a dhéanamh ar alt 39 d'Acht 2009 chun aghaidh a thabhairt air sin agus ar roinnt deacrachtaí praiticiúla eile a bhaineann le gnáthoibriú laethúil reatha Acht 2009.

### Carthanais a cláraíodh

| 163 | 282 |
|---|---|
| Lena n-áirítear 25 scoil | Lena n-áirítear 98 scoil |
| 2022 | 2021 |

# Díchlárú

Ba cheart do charthanais fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas faoin intinn atá acu oibríochtaí a fhoirceannadh. Oibríonn an Rialálaí Carthanas i gcomhar le carthanais den sórt sin chun a chinntiú go bhfoirceannann siad a ngníomhaíochtaí de réir a ndoiciméid rialaithe agus go ndéileáiltear go cuí le gach sócmhainn carthanais, lena n-áirítear trí iad a aistriú chuig carthanas eile a bhfuil cuspóir carthanúil comhchosúil aige.

### Carthanais a díchláraíodh

| 82 | 282 |
|---|---|
| 2022 | 2021 |

**Cúiseanna leis an díchlárú**
Díchláraíodh 82 charthanas sa bhliain 2022.

Bhí uimhir charthanais ag líon mór eagraíochtaí nuair a bunaíodh an Rialálaí Carthanas an 16 Deireadh Fómhair 2014. Ba ó na Coimisinéirí Ioncaim a fuair siad an uimhir sin. Ar aon dul le halt

40 den Acht, measadh na heagraíochtaí sin go huathoibríoch a bheith ina gcarthanais chláraithe ar an dáta bunaithe. Tugtar carthanais alt 40 ar na carthanais sin.

De réir alt 40(1) den Acht, meastar carthanais alt 40 a bheith cláraithe sa Chlár fad atá siad i dteideal uimhir charthanais a shealbhú. I gcás go mbainfidh na Coimisinéirí Ioncaim d'aon charthanas an teidlíocht atá aige chun uimhir charthanais a bheith aige, ní mór an carthanas sin a bhaint den Chlár. Carthanais alt 40 ba ea beagnach sé cinn de gach deich gcarthanas a baineadh den chlár sa bhliain 2022 (59%).

Rinne an 41% eile den 82 charthanas iarratas ar dhíchlárú. Scriosadh clárú eile a bhain le scoil toisc gur chlárú dúblach é.

Mar chuid den phróiseas díchlárúcháin, comhlánaíonn formhór na gcarthanas foirm dheonach díchlárúcháin, rud a chuirtear faoi bhráid an Rialálaí Carthanas ansin. Ar an bhfoirm sin, fiafraítear de charthanais cén chúis a bhfuil siad ag díchlárú. Ba iad na príomhchúiseanna a thug na carthanais sin a bhí ag foirceannadh oibríochtaí le linn na bliana ná go raibh an carthanas ag déanamh athruithe ar a fhoirm dhlíthiúil (mar shampla carthanas a bhí ag athrú ó chumann neamhchorpraithe ina chuideachta faoi theorainn ráthaíochta) agus gur éirigh leis an gcarthanas a chuspóir carthanúil a bhaint amach.

# An tIonad Teagmhála

**14,640**
**an líon teagmhálacha ó chustaiméirí**

**Fuair ár n-ionad teagmhála 5,599 nglao**

**9,041**
**an líon ceisteanna ríomhphoist ar déileáladh leo**

# An Clár a Chothabháil

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar gach carthanas an Rialálaí Carthanas a chur ar an eolas faoi aon athruithe ar a sonraí ar an gClár poiblí. Áirítear iad seo a leanas le samplaí de na hathruithe sin:

- chuaigh iontaobhaithe carthanais isteach sa bhord nó d'fhág siad é;
- rinneadh athruithe ar chuspóir carthanúil an charthanais;
- rinneadh athruithe ar ainm an charthanais nó ar a shonraí cuntais bainc.

Chun na sonraí sin a leasú, féadfaidh carthanais foirmeacha a chur isteach trínár dtairseach ar líne. Déantar athruithe uathoibríocha ar an gClár poiblí nuair a chuirtear foirmeacha áirithe isteach. Ina lán cásanna, ceanglaítear ar an aonad Clárúcháin an fhaisnéis a cuireadh isteach a phróiseáil agus a fhíorú. Phróiseáil an t-aonad 5,040 foirm sa bhliain 2022. Ar an tslí sin, rinne sé cruinneas na faisnéise ar an gClár a nuashonrú agus a chothabháil, rud atá ar cheann amháin de na príomhghníomhartha faoin gcéad chuspóir straitéiseach sa Ráiteas Straitéise uainn.

# Cás-staidéir ar charthanais nuachláraithe

## Cás-staidéar 1

**Cuspóir carthanúil: Fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna.**

Sa bhliain 2022, chláraigh an Rialálaí Carthanas roinnt eagraíochtaí carthanúla a thugann cúram d'ainmhithe tréigthe. Tá ceann amháin de na heagraíochtaí sin lonnaithe i réigiún an Láir Tíre. Áirítear leis na gníomhaíochtaí carthanúla atá ar bun ag an eagraíocht ainmhithe atá gortaithe, ar baineadh drochúsáid astu nó a ndearnadh faillí iontu a tharrtháil agus a athshlánú agus cúram a thabhairt dóibh.

Seolann sí gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hainmhithe clóis, amhail madraí agus cait, áit a soláthraíonn sí seirbhís uchtaithe/saoráid athshocraithe. Soláthraíonn sí ionad athshlánúcháin don fhiadhúlra nádúrtha freisin, agus é mar sprioc aici ainmhithe athshlánaithe a ligean saor amach san fhiántas an athuair.



## Cás-staidéar 2

**Cuspóir carthanúil: An tsláinte a chur ar aghaidh, lena n-áirítear breoiteacht, galair nó fulaingt daoine a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna.**

Áirítear leis na carthanais nua a cuireadh leis an gClár sa bhliain 2022 roinnt carthanas a bunaíodh chun an tsláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear breoiteacht, galair nó fulaingt daoine a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna.

Tá díriú comhchosúil ag roinnt de na carthanais nuachláraithe sin, agus iad ag iarraidh tacú le haosaigh agus leanaí atá néara-éagsúil. Áirítear leis na gníomhaíochtaí atá ar bun ag carthanas amháin, atá lonnaithe in oirdheisceart na hÉireann, seirbhísí teiripeacha agus tacaí foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí néara-éagsúla, beag beann ar chúlra sóisialta, eacnamaíoch nó oideachasúil.

Tá sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfaigheann gach duine aonair a bhfuil riachtanais bhreise acu an deis chun an saol is fearr is féidir a bheith acu.



## Cás-staidéar 3

**Cuspóir carthanúil: Oideachas a chur ar aghaidh.**

Agus é lonnaithe in iarthuaisceart na hÉireann, áirítear leis na gníomhaíochtaí atá ar bun ag ceann amháin de na carthanais a cuireadh leis an gClár sa bhliain 2022 oideachas a sholáthar do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta orthu trí chláir chreidiúnaithe oiliúna agus cláir oiliúna saibhriúcháin ina bhfaigheann siad eispéiris phraiticiúla fhiúntacha socrúcháin pobail.

Is é sprioc fhoriomlán na heagraíochta carthanúla tuilleadh roghanna, agus roghanna níos fearr, a thabhairt do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta orthu chun feabhas a chur ar a scileanna, ar a n-idirghníomhú sóisialta, ar a neamhspleáchas agus ar cháilíocht a mbeatha.



## Cás-staidéar 4

**Cuspóir carthanúil: Forbairt pobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear athbheochan tuaithe nó athbheochan uirbeach. Na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó na heolaíochtaí a chur ar aghaidh.**

**Cláraíodh eagraíocht charthanúil amháin sa bhliain 2022 chun dul chun tairbhe do dhaoine a chónaíonn i lárchathair thuaidh Bhaile Átha Cliath. Féachann an eagraíocht leis an bpobal a athbheochan agus na healaíona a chur chun cinn trí fhéile bhliantúil ealaíon a reáchtáil. Eagraíonn an carthanas imeachtaí agus ceardlanna ealaíon sa phobal ar fud na bliana freisin.**

**Tá sé mar aidhm ag an gcarthanas seo freastal ar riachtanais shainaitheanta laistigh den phobal agus tionscadail a cheapadh agus a fhorbairt lena dtugtar deis do ghrúpaí ó ghlúine difriúla agus ó chultúir dhifriúla obair le chéile.**



# Caighdeán Aicmiúcháin

Sheol an Rialálaí Carthanas an **Caighdeán Aicmiúcháin Carthanas** sa bhliain 2022, rud a bhí ar cheann amháin de na príomhghníomhartha faoin dara cuspóir straitéiseach sa Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2022 - 2024. Rinne Bord an Rialálaí Carthanas an caighdeán a cheadú agus a ghlacadh tar éis próiseas fairsing forbartha, ar lena linn a chuathas i gcomhairle le carthanais chláraithe agus le leas-sealbhóirí, lenar áiríodh ranna rialtais, taighdeoirí, maoinitheoirí, comhlachtaí ionadaíocha do charthanais, agus an pobal i gcoitinne.

I mbeagán focal, baineann an caighdeán aicmiúcháin carthanas leis an dóigh a ndéantar carthanais a bhfuil na saintréithe céanna acu, nó a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, a roinnt ina ngrúpaí nó ina gcatagóirí ar leith. Ba é an phríomhchúis leis an gcaighdeán aicmiúcháin a thabhairt isteach ná nach rabhthas in ann carthanais a bhfuil gníomhaíochtaí comhchosúla ar bun acu, amhail iad sin a oibríonn i réimse na meabhairshláinte, iad sin a oibríonn ar bhonn idirnáisiúnta, nó iad sin a reáchtálann ionad pobail nó ionad acmhainní, a shainaithint ná a ghrúpáil ar shlí chruinn ná ar shlí chuimsitheach.

Toradh eile a bheidh air is ea go dtreorófar maoinitheoirí agus an lucht déanta beartas agus iad ag déanamh measúnú ar an earnáil carthanas agus go n-éascófar comhoibriú agus comhroinnt eolais i measc carthanais chláraithe in Éirinn. Soláthrófar soiléire chun críocha taighde agus comparáide freisin mar thoradh ar an gcumas chun carthanais a bhfuil gníomhaíochtaí comhchosúla ar bun acu a ghrúpáil. Is é an toradh a bheidh ar an gcumas sin freisin ná go gcabhrófar le carthanais chláraithe eile a bhfuil gníomhaíochtaí comhchosúla ar bun acu a shainaithint, breithniú a dhéanamh ar bhealaí malartacha inar féidir leo an cuspóir carthanúil atá acu a chomhlíonadh, agus breathnú ar na cineálacha saineolais atá ag carthanais eile. Tá faisnéis níos mine ar aicmiúchán carthanas ar fáil ar ár **suíomh Gréasáin**, mar aon leis na bearta simplí atá i gceist le carthanas a aicmiú.

# Tuairisciú Bliantúil

Ní mór do gach carthanas ar an gClár **tuarascáil bhliantúil** a chomhdú leis an Rialálaí Carthanas laistigh de 10 mí tar éis dheireadh a mbliana airgeadais, mar a cheanglaítear le **halt 52 den Acht Carthanas 2009** (“an tAcht”). I gcás go mainneoidh carthanas tuarascáil bhliantúil a chomhdú in am, beidh an carthanas sin agus a iontaobhaithe carthanais ciontach i gcion faoin Acht. Beag beann air sin, tá laghdú tagtha le blianta beaga anuas ar an líon carthanas a chomhdaigh a dtuarascáil bhliantúil in am. Níor éirigh ach le sé charthanas chláraithe as gach deich gcinn (59%) tuarascáil bhliantúil a chomhdú in am sa bhliain 2022. Chomhdaigh 14% eile de charthanais a dtuarascáil bhliantúil faoi dheireadh na bliana, a d’fhág gur chuir 73% san iomlán tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Rialálaí. Tá sé cothrom le laghdú 5% ar an bhfigiúr don bhliain roimhe.

I dtuarascáil bhliantúil ó charthanas, tugtar sonraí faoi ghníomhaíochtaí an charthanais sa bhliain airgeadais roimhe agus faoina ghnóthaí airgeadais sa tréimhse sin. Foilsítear an tuarascáil ar an gClár agus úsáidtear í chun cabhrú linn deontóirí agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- na gníomhaíochtaí a seoladh chun cuspóir carthanúil an charthanais a chur chun cinn sa dá 12 mhí roimhe;
- an dóigh ar chruinnigh an carthanas airgead agus an dóigh ar chaith sé é;
- na daoine ar chabhraigh an carthanas leo;
- an áit a raibh na tairbhí a bhain le hobair an charthanais le brath.

Ní oibleagáid dhlíthiúil amháin atá i dtuarascáil bhliantúil a chur isteach. Trí thuarascáil bhliantúil a chur isteach, faigheann carthanais an deis chun an dea-obair a dhéanann siad agus an tairbhe a bhaineann leis an obair sin a chur i láthair. Faigheann siad an deis freisin chun a thaispeáint go bhfuil siad tiomanta do dhea-rialachas, do thrédhearcacht agus do chuntasacht, ar nithe iad, dar le **taighde**, a bhfuil ceangal acu le hiontaoibh agus muinín an phobail.

D'fhorbair an Rialálaí Carthanas ábhair éagsúla le linn na bliana 2022 chun tacú le carthanais. Áiríodh leo sin treoracha céim ar chéim agus físeáin treorach ina dtugtar faisnéis faoin bpróiseas le haghaidh tuarascálacha bliantúla a chomhdú in am agus le haghaidh an Clár Carthanas a nuashonrú. Chomh maith leis sin, d'óstáil an Rialálaí Carthanas roinnt seimineár Gréasáin d'iontaobhaithe carthanais agus d'fhostaithe carthanais agus chuir sé feabhas ar inrochtaineacht na faisnéise ar a shuíomh Gréasáin.

## Neamhchomhlíonadh ceanglas tuairiscithe bhliantúil

Glacann an Rialálaí Carthanas cur chuige comhréireach i leith carthanais a sháraíonn ceanglais an Achta agus, i bhformhór na gcásanna, féachfaidh sé ar an gcéad ásc le hobair i gcomhar leo chun comhlíonadh a bhaint amach. Mar sin féin, cé go n-eisítear meabhrúcháin roimh spriocdháta comhdúcháin an charthanais agus go seoltar iad tar éis an spriocdháta i gcás gur cailleadh é, mainníonn roinnt carthanas a dtuarascáil bhliantúil a chomhdú in am go fóill.

Ar mhaithe le trédhearcacht agus cothroime do na carthanais sin a chomhdaíonn a dtuarascáil bhliantúil in am, beidh an Rialálaí Carthanas ag glacadh cur chuige níos doichte i leith comhlíonadh na hoibleagáide sin a fhorfheidhmiú. Tá rún daingean aige clár spriocdhírithe comhlíonta a chur chun feidhme le linn na bliana 2023 chun comhlíonadh oibleagáidí tuairiscithe bhliantúil a mhéadú. D'fhéadfadh gníomh forfheidhmiúcháin a bheith i gceist leis sin, lena n-áirítear an carthanas agus na hiontaobhaithe carthanais aonair a ionchúiseamh agus/nó an carthanas a bhaint den Chlár Carthanas i gcás go bhfuil tuarascálacha bliantúla amuigh le tréimhse fhada.

# Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

# Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Tá iontaoibh agus muinín an phobail mar bhonn agus thaca ag earnáil carthanas na hÉireann, agus ceann amháin de na príomhfheidhmeanna atá ag an Rialálaí Carthanas faoin Acht Carthanas 2009 is ea leibhéil iontaoibhe agus mhuiníne a mhéadú.

Tá an Rialálaí Carthanas tiomanta don earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail chun comhlíonadh an dlí carthanas a chinntiú agus chun tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas.

Déanann ár nAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú comhlíonadh fhorálacha an Achta Carthanas 2009 a chothú agus a chur chun cinn agus déanann sé faireachán ar an gcéanna. Nuair a bhraitear neamhchomhlíonadh, déanaimid gníomh forfheidhmiúcháin cuí ina leith.

## Ábhair imní

Oibríonn formhór na gcarthanas go crua chun a gcuspóir carthanúil a bhaint amach i gcomhréir leis an dlí carthanas agus leis an dea-chleachtas i rialachas agus i mbainistíocht. Tarlaíonn sé ó am go ham, áfach, go dtagann nithe chun cinn a chruthaíonn ábhair imní faoi charthanas. Den chuid is mó, is iad daoine den phobal a tharraingíonn ábhair imní anuas tríd an bhfoirm ábhar imní atá ar fáil ar ár **suíomh Gréasáin** a chomhlánú. Tagann ábhair imní chun cinn freisin trí theagmhálacha ó charthanais, trí theagmhálacha ó chomhlachtaí reachtúla eile, trí thuairiscí sna meáin agus tríd an bhfaireachán leanúnach a dhéanann an Rialálaí Carthanas ar an earnáil.

I gcás go dtarraingeofar ábhar imní anuas, mar atá leagtha amach inár **mBeartas maidir le hÁbhair Imní**, díreoimid go príomha ar a fháil amach cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon sárú ar an Acht Carthanas 2009 ("an tAcht"), mar shampla:

- i gcás go mbeidh riosca ann go bhfulaingeoidh carthanas, a shócmhainní nó a thairbhithe caillteanas suntasach nó go ndéanfar damáiste suntasach dóibh;
- i gcás go ndéanfaidh iontaobhaithe carthanais sárú dualgais;
- i gcás go mbeidh daoine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht agus riar an charthanais ciontach i mí-iompar tromchúiseach nó leanúnach;
- i gcás go mainneoidh carthanas an ceanglas dlíthiúil chun cáiliú mar charthanas a chomhlíonadh trí chuspóir carthanúil, agus cuspóir carthanúil amháin, a bheith aige agus trí thairbhe phoiblí a chur ar fáil;
- i gcás gur féidir go mbeidh comhlacht ag cur i gcéill gur carthanas in Éirinn é nuair nach carthanas é ar chor ar bith.

**182 cheist ghinearálta** agus **642 ábhar imní**

**an líon ceisteanna agus ábhar imní ar dhéileáil an t-aonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú leo.**

Glacaimid cur chuige atá fianaiseach, rioscabhunaithe agus comhréireach i leith carthanais a rialáil, áit a spriocdhírímid ár n-acmhainní ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó agus ar na réimsí ina mbeidh an tionchar is mó ag ár n-idirghabháil.

Nuair a fhaighimid ábhar imní, déantar measúnú air in aghaidh critéir éagsúla, amhail a shuí cé acu a thagann nó nach dtagann an t-ábhar imní faoi dhlínse an Rialálaí Carthanas nó cé acu ba cheart nó nár cheart do rialálaí eile, do chomhlacht poiblí eile nó do chigireacht eile déileáil leis. Mar shampla, cé gur ciontach i gcion faoi alt 46 d'Acht 2009 a bheidh aon duine a thabharfaidh le tuiscint gur comhlacht cláraithe é comhlacht nuair nach bhfuil sé cláraithe ar chor ar bith, agus cé gur ciontach i gcion faoin alt céanna a bheidh aon chomhlacht a thabharfaidh le tuiscint gur eagraíocht charthanúil é nuair nach eagraíocht charthanúil é ar chor ar bith, is faoi shainchúram an Gharda Síochána faoin Acht um Bailiúcháin Sráide agus ó Theach go Teach, 1962, a thagann nithe a bhaineann le bailiúcháin sráide agus ó theach go teach agus nithe a bhaineann le coigistiú airgid a cruinníodh i gcásanna áirithe.

Déanaimid measúnú freisin ar an riosca do thairbhithe, sócmhainní agus clú an charthanais.

## Ábhair Imní a Tarraingíodh Anuas agus a Dúnadh

### Tábla 4

| | 2022 | 2021 | +/-% |
|---|---|---|---|
| **Líon a Tarraingíodh Anuas** | 642 | 568 | +13 |
| **Líon a Dúnadh** | 566 | 543 | +4 |

## Catagóirí na nÁbhar Imní a Tarraingíodh Anuas

### Tábla 5

| Catagóir | Ábhair imní 2022 | % 2022 | Ábhair imní 2021 | % 2021 | 2022 - 2021 Comparáid |
|---|---|---|---|---|---|
| **Saincheisteanna rialachais** | 232 | 36 | 209 | 37 | -1 |
| **Dlisteanacht an charthanais** | 226 | 35 | 196 | 35 | 0 |
| **Rialú airgeadais agus trédhearcacht** | 106 | 17 | 107 | 19 | -2 |
| **Ábhair imní mhíthreoraithe - saincheisteanna a bhí lasmuigh de shainchúram an Rialálaí Carthanas** | 43 | 7 | 28 | 5 | +2 |
| **Dochar do thairbhithe** | 13 | 2 | 14 | 2 | 0 |
| **Leas príobháideach** | 13 | 2 | 13 | 2 | 0 |
| **Dul i mbun feachtas polaitíochta míchuí** | 9 | 1 | 1 | 0 | +1 |

# Imscrúduithe

Tar éis ábhar imní a mheasúnú, agus má bhíonn údar ann le déanamh amhlaidh, iarrfaidh an Rialálaí Carthanas dearbhú agus faisnéis ón gcarthanas nó ón eagraíocht lena mbaineann. I gcás nach mbeidh an Rialálaí Carthanas ar a shuaimhneas go fóill tar éis faisnéis a fháil ó charthanas, féadfaimid leas a bhaint as na cumhachtaí atá againn faoin Acht Carthanas 2009 chun faisnéis a éileamh, ordacháin a eisiúint, smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus, nuair is gá, cigirí a cheapadh chun gnóthaí an charthanais a imscrúdú.

Le linn na bliana 2022, d'oscail an Rialálaí Carthanas dhá imscrúdú reachtúla i ndáil leis na carthanais chláraithe seo a leanas:

- **Irish Society for Prevention of Cruelty to Animals** CLG, atá ag trádáil mar Chumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe (Uimhir Charthanais Chláraithe: 20008734)
- **Navan Mental Health Housing Association Limited** (Uimhir Charthanais Chláraithe: 20047023)

D'fhoilsíomar tuarascáil imscrúdaithe reachtúil amháin, atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin, i ndáil leis an gcarthanas cláraithe seo a leanas le linn na bliana freisin:

- **Irish Wildbird Conservancy CLG**, atá ag trádáil mar Chairde Éanlaith Éireann (Uimhir Charthanais Chláraithe: 20008963)

# An Cód Rialachais do Charthanais

Tá dea-rialachas ar cheann amháin de na bunchlocha dá chinntiú go gcoinnítear iontaoibh an phobail as carthanas agus as an mórearnáil ar bun. Nuair a bhíonn sé trédhearcach ó thaobh rialachais de, cuireann carthanas ar chumas an phobail a fheiceáil go soiléir cé na prionsabail ar dá réir a reáchtáiltear an carthanas. Seoladh an Cód Rialachais do Charthanais sa bhliain 2018 agus leagtar amach ann na híoschaighdeáin ar cheart do charthanas iad a chomhlíonadh chun é a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach.

Cuimsíonn sé na nithe seo a leanas:

- na sé phrionsabal um rialachas ar cheart do gach carthanas iad a chur i bhfeidhm;
- na croíchaighdeáin a bhfuilimid ag súil go gcomhlíonfaidh gach carthanas iad agus na prionsabail á gcur i ngníomh acu;
- caighdeáin bhreise lena léirítear an dea-chleachtas do charthanais ag a bhfuil ardleibhéil ioncaim agus/nó struchtúir chasta eagrúcháin agus chistiúcháin agus/nó líon suntasach fostaithe.

## Na sé phrionsabal um rialachas carthanais

1. ag cur a chuspóra charthanúil ar aghaidh
2. ag iompar le hionracas
3. ag stiúradh daoine
4. ag feidhmiú rialaithe
5. ag obair go héifeachtach
6. bheith cuntasach agus trédhearcach

Cuireadh an Cód Rialachais do Charthanais i bhfeidhm go foirmiúil sa bhliain 2020, tar éis tréimhse foghlama. Ón mbliain 2021, tá ceanglas ar charthanais a mhéid atá an Cód á chomhlíonadh acu a dhearbhú ina dtuarascáil bhliantúil chuig an Rialálaí. Féadfaidh carthanais ceann amháin de cheithre rogha a roghnú. I gcás go ndearbhóidh carthanas go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go hiomlán aige, cuirfear an dearbhú sin ar áireamh go huathoibríoch ina iontráil ar an gClár poiblí. Maidir le carthanais a dhearbhóidh go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go páirteach acu, féadfaidh siad a roghnú gan an stádas sin a léiriú ar an gClár. Ní léirítear ar an gClár faoi láthair ach oiread stádas na gcarthanas a dhearbhóidh nár thosaigh siad ar an gCód a chomhlíonadh go fóill. Cuireadh ceathrú rogha leis an bhfoirm tuarascála bliantúla i mí na Nollag 2021, ar rogha í atá ar fáil do charthanais arbh fhearr leo gan comhlíonadh a dhearbhú.

Sa bhliain 2022, tháinig méadú 4% ar an líon carthanas a dhearbhaigh go bhfuil an Cód Rialachais do Charthanais á chomhlíonadh go hiomlán acu. Dhéileálamar le 622 cheist i ndáil leis an gCód Rialachais do Charthanais le linn na bliana freisin.

## Dearbhuithe maidir le comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais 2022

### Tábla 6

| | Carthanais 2022 | % 2022 | Carthanais 2021 | % 2021 |
|---|---|---|---|---|
| **A dhearbhaigh go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go hiomlán acu** | 4,706 | 73 | 4,245 | 69 |
| **A dhearbhaigh go bhfuil an Cód á chomhlíonadh go páirteach acu** | 746 | 12 | 912 | 15 |
| **A dhearbhaigh nach bhfuil an Cód á chomhlíonadh acu** | 481 | 7 | 967 | 16 |
| **Arbh fhearr leo gan an dearbhú maidir le comhlíonadh a chomhlánú** | 504 | 8 | 26 | 0 |
| **A chuir dearbhú maidir le comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais isteach** | 6,437 | | 6,150 | |

Déanann an t-aonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú faireachán leanúnach ar na dearbhuithe maidir le comhlíonadh a fhaightear ó charthanais agus, gach bliain, iarrtar ar rogha randamach carthanas a bhFoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas chun gur féidir linn cruinneas a ndearbhaithe a fhíorú. Sa bhliain 2022, fuarthas amach san obair samplála gur chruinn a bhí 65% de na dearbhuithe maidir le comhlíonadh iomlán a rinneadh le linn na bliana. Bhí sé sin cothrom le méadú beag 2% ar an bhfigiúr don bhliain 2021.

Chuir carthanais go mór leis an tuiscint atá acu ar an gCód Rialachais do Charthanais Fianaise air sin is ea an t-ardchaighdeán ar dá réir a comhlánaíodh na Foirmeacha um Chomhlíonadh a Thaifeadadh. I gcás go bhfuaireamar amach le linn an chleachtaidh faireacháin gur cuireadh dearbhuithe míchruinne maidir le comhlíonadh faoi bhráid an Rialálaí Carthanas, ordaíodh do na carthanais lena mbaineann a ndearbhú a leasú dá réir sin. Tá faireachán á dhéanamh ar na carthanais sin chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad an Cód.

# Treoir agus tacaíocht

Tá an Rialálaí Carthanas tiomanta dá chinntiú go bhfuil an treoir riachtanach agus na hábhair riachtanacha ar fáil do charthanais chláraithe chun gur féidir iad a rialú go maith. Sa bhliain 2022, d'fhoilsigh an Rialálaí raon ábhar treorach i ndáil le gach gné dár gcuid oibre agus chun an dea-chleachtas maidir le rialachas, bainistíocht agus riarachán carthanas a chothú agus a chur chun cinn.

Le linn na bliana 2022, d'eisíomar treoir chuig carthanais ar roinnt réimsí tábhachtacha ar shainaithníomar iad trínár gcaidreamh le carthanais agus trínár bhfaireachán ar cheisteanna agus ar iarrataí ar fhaisnéis agus ar chomhairle:

- **Bainistíocht Géarchéime do Charthanais**
- **Bainistíocht Géarchéime do Charthanais Bheaga**
- **Forbhreathnú ar na Rialacháin atá Beartaithe maidir le Cuntasaíocht Airgeadais do Charthanais agus ar an Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais**
- **Rialuithe Cárta Creidmheasa do Charthanais**

D'fhoilsíomar athbhreithniú ar an **gcéad bhliain d'oibriú an Chóid Rialachais do Charthanais** freisin.



# Seirbhísí Carthanais agus Gnóthaí Dlí

# Seirbhísí Carthanais agus Gnóthaí Dlí

## Seirbhísí Carthanais

Déanann **an tAonad Seirbhísí Carthanais** bainistiú ar iarrataí ar thoiliú nó treoir ón Rialálaí Carthanas maidir le nithe praiticiúla a dhéanann difear don dóigh a ndéileálann carthanais áirithe lena sócmhainní, lena maoin agus lena rialachas inmheánach nó don dóigh a leanann carthanais le seirbhísí a sholáthar dá dtairbhithe. Is féidir na nithe seo a leanas a bheith i gceist le hiarrataí den sórt sin:

- a bheartú maoin charthanúil a dhíol, a léasú nó a mhorgáistiú;
- scéim cy-près a cheapadh (athrú a dhéanamh ar an gcuspóir ar lena aghaidh a shealbhaítear maoin carthanais);
- iontaobhaithe nua a cheapadh chuig maoin carthanais;
- oibríochtaí carthanais a fhoirceannadh;
- cumasc le carthanais eile;
- imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh;
- comhréiteach a dhéanamh ar éilimh a bhaineann le sócmhainní carthanais nó le bronntanais a fágadh ag carthanas le huacht;
- idirbhearta eile a dhéanamh a bhaineann le sócmhainní carthanais.

Rinneadh na feidhmeanna a dílsíodh do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla (“na Coimisinéirí”) roimhe sin a aistriú chuig an Rialálaí Carthanas tráth a bhunaithe, de bhun alt 82 den Acht Carthanas 2009, tar éis dhíscaoileadh na gCoimisinéirí. Le tacaíocht ón Aonad Seirbhísí Carthanais, breithníonn Coiste Seirbhísí Carthanais an Bhoird na hiarratais sin go mion.

Bhreithnigh an Coiste Seirbhísí Carthanais 211 ní sa bhliain 2022, cothrom le laghdú 19% ar an bhfigiúr don bhliain 2021 (261 ní). Cé gur tháinig laghdú ar an líon iarratas a breithníodh, tháinig méadú ar an ráta ag ar breithníodh iarratais nua. Tháinig méadú freisin ar an líon nithe a cuireadh i gcrích, agus 98 ní á séalú sa bhliain 2022 i gcomparáid le 87 gcinn sa bhliain 2021.

Is ionann na staitisticí sin agus an líon míreanna ar déileáladh leo ag gach cruinniú de chuid an Choiste Seirbhísí Carthanais sa bhliain 2022. Is gá cineálacha áirithe iarratais a leagan faoi bhráid an Choiste Seirbhísí Carthanais roinnt uaireanta, de réir mar a bhreithnítear iad ag gach céim den phróiseas iarratais.

I gcás iarratas cy-près ar athrú a dhéanamh ar thairbhithe aon bhronntanais charthanúil nó ar na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le bronntanas den sórt sin, mar shampla, is gá don Choiste Seirbhísí Carthanais an t-iarratas a bhreithniú trí huaire ar a laghad mar gheall ar an gceanglas reachtúil atá air fógra poiblí a fhoilsiú agus aon agóidí nó aon mholtaí ón bpobal a bhreithniú sula bhféadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh ar an iarratas. I gcásanna áirithe, ní mór don Choiste

Seirbhísí Carthanais iarratas ar dhíol maoine carthanais a údarú a bhreithniú roinnt uaireanta sula ndéanann an Bord cinneadh ar an iarratas. Tarlaíonn sé sin, mar shampla, i gcás nár léirigh an t-iarratasóir go bhfuil margadhluach oscailte iomlán á bhaint amach.

Nuair a dhéantar iarratas chuig an Aonad Seirbhísí Carthanais, tosaítear próiseas dlíthiúil lena mbaineann athbhreithniú dlíthiúil dian agus comhfhreagras dian le hiontaobhaithe agus lena gcomhairleoirí dlí. Bíonn éagsúlacht ann maidir le castacht na n-iarratas a ndéileálann an tAonad Seirbhísí Carthanais leo agus bíonn iarratais áirithe an-dian ó thaobh acmhainní de. Is é an toradh a d’fhéadfadh a bheith ar iarratas a cheadú, mar shampla, ná údarú a thabhairt do charthanas a struchtúr a nuachóiriú nó déileáil lena mhaoin i gcás nach mbeadh sé de chumhacht aige é sin a dhéanamh ar shlí eile.

Breithníonn an Rialálaí Carthanas iarratais ó sheiceadóirí a thagann ar dheacrachtaí i ndáil le heastát a bhfuil tiomnacht charthanúil i gceist leis a riar freisin. Ní ghearrann an Rialálaí Carthanas aon táille as iarratas a chur faoi bhráid an Aonaid Seirbhísí Carthanais. Is é an rogha eile ar iarratas a dhéanamh chuig an Aonad Seirbhísí Carthanais ná iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt, ar iarratas é a d’fhéadfadh a bheith costasach agus fadálach.

Níl sé mar fheidhm ag an Rialálaí Carthanas comhairle dlí a sholáthar. Tríd is tríd, ceanglaítear ar charthanais a dhéanann aighneachtaí chuig an Aonad Seirbhísí Carthanais a gcomhairleoirí dlí neamhspleácha féin a bheith acu.

Rinneadh athruithe ar acmhainní an Aonaid Seirbhísí Carthanais sa bhliain 2021, lenar áiríodh Ceann tiomnaithe Aonaid a cheapadh den chéad uair riamh, agus bhí tionchar dearfach ag na hathruithe sin ar an dóigh ar phróiseáil an t-aonad iarratais sa bhliain 2022. Mar shampla, ba lú an líon iarratas neamhriachtanach a fuair an tAonad Seirbhísí Carthanais sa bhliain 2022 ná sa bhliain 2021. Is léiriú é sin ar an gcumarsáid níos fearr a rinneadh maidir le feidhmeanna an Rialálaí Carthanas agus maidir leis na himthosca inar gá údarú reachtúil a fháil. Sampla amháin de sin is ea an laghdú, ó 18 gcinn go naoi gcinn laistigh de bhliain amháin, a tháinig ar an líon iarratas neamhriachtanach a fuarthas ó charthanais a bhí ag iarraidh údarú a fháil chun maoin carthanais a dhíol, i gcás nach raibh aon údarú reachtúil ag teastáil uathu toisc go raibh sé de chumhacht acu cheana féin a maoin carthanais a dhíol.

## Nithe a breithníodh ach nár séalaíodh*

### Tábla 7

| Cineál iarratais | An líon nithe 2022 | An líon nithe 2021 |
|---|---|---|
| Iarratais nach gnáthiarratais iad – tuairim nó comhairle | 18 | 10 |
| Iarratais nach gnáthiarratais iad – tuairim nó comhairle/scéim alt 2 | 0 | 1 |
| Iarratais nach gnáthiarratais iad – Cy-près | 21 | 54 |
| Iarratais nach gnáthiarratais iad – comhréiteach | 1 | 2 |
| Scéimeanna corpraithe alt 2 | 0 | 2 |
| Dlíthíocht | 4 | 15 |
| Nithe feidhmiúcháin | 9 | 27 |
| Iontaobhaithe nua a cheapadh | 24 | 24 |
| Iarratais alt 34 a breithníodh (diúscairtí maoine nár séalaíodh) | 12 | 9 |
| Táillí/deontais a cheadú | 2 | 2 |
| Cumhacht díola | 8 | 19 |
| Iarratais a bhaineann leis an gComhchiste Infheistíochta | 0 | 2 |
| Aon ghnó eile | 14 | 7 |
| **Fo-iomlán na nithe nár séalaíodh** | **113** | **174** |

## Nithe a séalaíodh*

### Tábla 8

| Cineál iarratais | An líon nithe a séalaíodh 2022 | An líon nithe a séalaíodh 2021 |
|---|---|---|
| **Foirmiúil - tuairim nó comhairle** | 13 | 9 |
| **Foirmiúil - Cy-près** | 9 | 17 |
| **Foirmiúil - ordú leasúcháin** | 0 | 1 |
| **Foirmiúil - scéimeanna corpraithe alt 2** | 0 | 1 |
| **Gnáthiarratais - diúscairtí maoine (e.g., morgáistí, díolacháin, aistrithe, sásamh a údarú)** | 58 | 48 |
| **Iontaobhaithe nua a cheapadh** | 18 | 11 |
| **Fo-iomlán na nithe a séalaíodh** | **98** | **87** |
| **Iomlán na nithe a breithníodh** | **211** | **261** |

*Nóta: Nuair a cheadaíonn an Rialálaí Carthanas iarratais áirithe chuig an Aonad Seirbhísí Carthanais, eisítear doiciméad chuig an iarratasóir faoi shéala an Rialálaí Carthanas. Ciallaíonn sé sin gur shínigh beirt chomhaltaí den Bhord an doiciméad agus gur cuireadh marc fíordheimhniúcháin (an séala) leis. Cineál doiciméid amháin nach mór a shéalú nuair a cheadaítear é is ea doiciméad a bhaineann le maoin carthanais. Maidir le doiciméid nach gá séala an Rialálaí Carthanas a fháil ina leith, tuairiscítear iad a bheith “neamhshéalaithe”. I gcás go bhfuil cineál iarratais ar gá séala an Rialálaí Carthanas a fháil ina leith tuairiscithe sa cholún de dhoiciméid “neamhshéalaithe” sa tábla thuas, ciallaíonn sé sin gur bhreithnigh an Rialálaí Carthanas é ach nár ceadaíodh go fóill é. Is féidir go gceadófar na hiarratais sin tráth níos déanaí i gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha lena mbaineann.

## Luach comhcheangailte na maoine carthanais a bhí ina hábhar d’iarratais a ceadaíodh faoi shéala an Rialálaí Carthanas

### Tábla 9

| | |
|---|---|
| Luach comhcheangailte iomlán na ndíolachán maoine carthanais ar údaraigh an Rialálaí Carthanas iad sa bhliain 2022 (alt 34(1) den Acht Carthanas, 1961) | €19,978,850 |
| Luach comhcheangailte iomlán na n-aistrithe maoine carthanais idir carthanais ar údaraigh an Rialálaí Carthanas iad sa bhliain 2022 (alt 34(2) den Acht Carthanas, 1961) | €61,815,300* |
| Luach comhcheangailte iomlán na maoine carthanais a bhí ina hábhar d’iarratais a ceadaíodh faoi shéala an Rialálaí Carthanas de bhun na cumhachta reachtúla atá ann scéim cy-près a cheapadh (alt 29 den Acht Carthanas, 1961) agus de bhun na cumhachta reachtúla atá ann ráiteas foirmiúil faoi Thuairim nó Comhairle a eisiúint dóibh sin a tháinig ar dheacrachtaí i ndáil le carthanas/iontaobhas carthanúil a riar (alt 21 den Acht Carthanas, 1961) sa bhliain 2022 | €82,675,956** |

* Is figiúr measta é an figiúr seo. Áiríodh maoin dar luach measta €55 mhilliún le ceann amháin de na hidirbhearta a údaraíodh

** Áiríodh sócmhainní dar luach comhcheangailte iomlán €81,403,120 le dhá scéim cy-près a raibh i gceist leo sé charthanas a chumasc ina dhá gcarthanas

# Treoir agus tacaíocht

D'fhoilsigh an tAonad Seirbhísí Carthanais ailt sa **ríomhiris ón Rialálaí Carthanas** i mí na Nollag 2022. Leagadh amach sna hailt sin na ceanglais a bhaineann le hiarratais a dhéanamh chuig an Aonad Seirbhísí Carthanais ar dhíol maoine carthanais a údarú agus an dearbhú maidir le comhlíonadh a cheanglaítear do gach iarratas anois. Is léiriú é sin ar an obair atá ar bun chun na feidhmeanna a chuireann an tAonad Seirbhísí Carthanais i gcrích a chuíchóiriú le feidhmeanna eile de chuid an Rialálaí Carthanas agus ar an ngrinnscrúdú méadaithe a dhéantar ar dhíol beartaithe maoine carthanais.

## Cás-staidéar 1

Sa bhliain 2022, bhreithnigh an tAonad Seirbhísí Carthanais díol maoine carthanais i lár cathrach Bhaile Átha Cliath. Cé gur comhaontaíodh an díol "lasmuigh den mhargadh" ar dtús, níor údaraigh an Rialálaí Carthanas é. Is é an Coiste Seirbhísí Carthanais an coiste den Bhord a athbhreithníonn iarratais den sórt seo agus a dhéanann moltaí do Bhord an Rialálaí Carthanas maidir leo. Sa chás seo, níor mheas an Coiste Seirbhísí Carthanais go raibh margadhluach oscailte iomlán á bhaint amach ag an bpraghas comhaontaithe díola, bunaithe ar an doiciméadacht iarratais a cuireadh i láthair. Áiríodh leis an doiciméadacht sin praghsanna ar mhaoine inchomparáide sa láthair lena mbaineann agus an praghas a d'íoc an carthanas ar dtús chun an mhaoin a cheannach.

D'ordaigh an Coiste Seirbhísí Carthanais go gcuirfí an mhaoin ar an margadh ar feadh tréimhse sé seachtaine (agus go ndéanfaí margaíocht chuí agus go gcuirfí comharthaí cuí in airde chun aird na dtairgeoirí féideartha uile a tharraingt ar dhíol na maoine). Fuarthas roinnt tairiscintí a bhí níos airde ná an praghas comhaontaithe díola agus glacadh leis an tairiscint is airde. Bhí an praghas a baineadh amach 25% níos airde ná an praghas a chomhaontaigh an carthanas ar dtús, agus an praghas díola ag méadú faoi shé fhigiúr dá bharr sin. Ba ag an bpraghas is airde a deonaíodh an t-iarratas ar dhíol a údarú.



# Gnóthaí Dlí

Tá foireann gnóthaí dlí i bhfeidhm ag an Rialálaí Carthanas, rud a thugann tacaíocht dlí inmheánach ar fud na heagraíochta. Thug an fhoireann comhairle dlí ar raon éagsúil nithe rialála agus nithe eile le linn na bliana 2021.

## Meabhráin Tuisceana

Aithnímid an ról tábhachtach a imríonn eagraíochtaí eile, comhlachtaí stáit san áireamh, maidir le hiontaoibh agus muinín a chinntiú as earnáil carthanas na hÉireann.

I mí Aibreáin 2022, shínigh an Rialálaí Carthanas Meabhrán Tuisceana leis an gCoimisiún Carthanas do Thuaisceart Éireann. Leis an Meabhrán Tuisceana sin, treisítear leis an obair chomhroinnte atá ar bun eatarthu cheana chun tacú le carthanais chláraithe cur arís eile le hiontaoibh agus muinín an phobail as an earnáil, rud atá ar cheann amháin de na príomhchuspóirí atá le straitéis an Rialálaí Carthanas.

Leagtar amach sa chomhaontú foirmiúil creat trédhearcach trína gcomhoibreoidh an dá rialálaí carthanas le chéile chun ionracas eagraíochtaí carthanúla agus iontaobhas carthanúil in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a chothú. Faoi théarmaí an Mheabhráin Tuisceana, féadfaidh an dá eagraíocht faisnéis a chomhroinnt lena chéile nó cúnamh a thabhairt dá chéile chun na feidhmeanna reachtúla atá acu a chomhlíonadh.

I mí an Mheithimh, shínigh an Rialálaí Meabhrán Tuisceana leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Bainistíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha clár oifigiúil cúnaimh forbartha na hÉireann, rud lena dtacaítear le carthanais chláraithe Éireannacha cláir forbartha agus dhaonnúla a sholáthar. Soláthraíonn an Roinn deontais tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach agus tríd an gCiste Athmhuintearais freisin, lena n-áirítear deontais do charthanais chláraithe Éireannacha.

Leis na Meabhráin Tuisceana sin, tacaítear le comhar agus comhoibriú chun comhroinnt chuí faisnéise a chinntiú, chun ionracas eagraíochtaí carthanúla agus iontaobhas carthanúil ar fud na hÉireann agus thar lear a chothú agus chun tacú leis an muinín atá ag an bpobal as carthanais a oibríonn in Éirinn nó faoi dhlí na hÉireann.

# Cumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí

# Cumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí

Ceann amháin de na croíchuspóirí atá leis an Ráiteas Straitéise ón Rialálaí Carthanas don tréimhse 2022 - 2024 is ea iontaoibh agus muinín an phobail as carthanais chláraithe a neartú. Gné lárnach den chuspóir sin a bhaint amach is ea cumarsáid agus caidreamh éifeachtach a dhéanamh le leas-sealbhóirí, lena n-áirítear carthanais, a dtairbhithe, deontóirí agus an mórphobal.

Leagtar clár uaillmhianach oibre don eagraíocht amach sa Ráiteas Straitéise ón Rialálaí Carthanas don tréimhse 2022 – 2024, agus aschuir shuntasacha ag teastáil chun na méadrachtaí luaite a bhaint amach. Oibríonn an tAonad um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí chun tacú leis na cuspóirí sin a bhaint amach trí thionscnaimh atá faoi stiúir ag an aonad. Oibríonn sé chun aschuir a chothú agus a éascú ó aonaid eile ar fud na heagraíochta freisin, lena n-áirítear an tAonad Seirbhísí Carthanais, an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú agus an tAonad Clárúcháin.

Le linn na bliana 2022, dhírigh an t-aonad ar chur leis an bhfeasacht agus an tuiscint ar ról an Rialálaí Carthanas agus ar na hoibleagáidí reachtúla atá ar iontaobhaithe carthanais, agus treoir á tabhairt aige do charthanais agus d'iontaobhaithe maidir leis an dea-chleachtas i rialachas agus maidir le comhlíonadh.

## Treoir agus Faisnéis

Le linn na bliana 2022, d'fhoilsíomar treoir maidir le nithe éagsúla. Áirítear leo sin:

- **Treoirnóta maidir le Teorainneacha Téarma Iontaobhaithe agus Pleanáil Chomharbais**;
- **Na Rialacháin maidir le Cuntasaíocht Airgeadais do Charthanais agus an Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais**;
- **Bainistíocht Géarchéime do Charthanais Bheaga**;
- **Bainistíocht Géarchéime do Charthanais**;
- **Rialuithe Cárta Creidmheasa**;
- **An Caighdeán Aicmiúcháin Carthanas.**

Mar aon leis na sé threoirdhoiciméad a foilsíodh sa bhliain 2022, thug an Rialálaí Carthanas a chreat rialachais agus a bheartais maidir le gearáin, ábhair imní agus nochtadh cosanta cothrom le dáta freisin.

Ar na doiciméid chorparáideacha a d'fhoilsíomar sa bhliain 2022 bhí an **Tuarascáil Bhliantúil ón Rialálaí Carthanas don bhliain 2021**, **Tuarascáil maidir le Comhlíonadh**, inar tugadh forbhreathnú ar chomhlíonadh rialála i measc carthanais chláraithe in Éirinn, agus **Athbhreithniú ar an gCód Rialachais do Charthanais don bhliain 2021**, inar scrúdaíodh comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais den chéad uair riamh. D'fhoilsíomar Cairt agus Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí agus an **Ráiteas Straitéise ón Rialálaí Carthanas don tréimhse 2022 – 2024** freisin.

Aithnímid gur bealach tábhachtach cumarsáide don phobal agus do charthanais agus dá n-iontaobhaithe é suíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas. Is acmhainn luachmhar dóibh é agus iad ag iarraidh an dea-chleachtas agus comhlíonadh rialála a bhaint amach. Tá sé mar ardtosaíocht ag an Rialálaí an suíomh Gréasáin a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir dár n-úsáideoirí. Chuige sin, choimisiúnaigh an Rialálaí Carthanas athbhreithniú neamhspleách ar inrochtaineacht a shuímh Gréasáin agus, sa bhliain 2022, thosaigh sé ar na moltaí a d’eascair as an athbhreithniú sin a chur chun feidhme. Táthar ag súil leis go gcuirfear na hathruithe sin chun feidhme ina n-iomláine faoi Fhómhar na bliana 2023.

Rinneadh athruithe breise ar an suíomh Gréasáin chun feabhas a chur ar an eispéireas úsáideora agus ar inrochtaineacht na faisnéise. Áiríodh leo sin leagan amach nua agus inneachar nuashonraithe don aonad Seirbhísí Carthanais agus do na rannáin maidir le tuairisciú bliantúil.

Le linn na bliana, thugamar freisin faoi dhornán feachtas spriocdhírithe ríomhphoist mar chuid de ghníomhaíochtaí an Rialálaí Carthanas a bhfuil mar aidhm leo tacú leis an ról rialachais atá ag iontaobhaithe agus cabhrú le heolas a thabhairt dóibh ina leith sin. Cumhdaíodh sna feachtais ríomhphoist sin topaicí amhail oibleagáidí tuairiscithe bhliantúil.



**Patrick Hopkins, Cathaoirleach, agus Helen Martin, Príomhfheidhmeannach, in éineacht le Joe O’Brien TD, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht as Forbairt Pobail agus as Carthanais, ag seoladh Thuarascáil Bhliantúil an Rialálaí Carthanas don bhliain 2021.**

# Comhairliúchán le leas-sealbhóirí agus taighde

I mí an Mhárta 2022, thugamar tacaíocht do phróiseas comhairliúcháin le carthanais agus leis an bpobal chun aiseolas a bhailiú faoin gcaighdeán aicmiúcháin carthanas a bhí beartaithe. Mar chuid den chomhairliúchán oscailte sin, rinneadh naisc chuig an dréachtchaighdeán, chuig suirbhé/ceistneoir ar líne agus chuig faisnéis maidir le conas aighneacht níos mine a dhéanamh a eisiúint chuig gach seoladh ríomhphoist a bhí ag an Rialálaí do charthanais agus d'iontaobhaithe. Mar aon le seimineár Gréasáin a reáchtáil, cuireadh an comhairliúchán oscailte chun cinn ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí agus trí bhealaí meán sóisialta freisin. Chomhlánaigh 275 dhuine aonair an suirbhé agus fuarthas 14 aighneacht.

Le linn na bliana 2022, choimisiúnaíomar taighde freisin ar an rún a bhí ag an bpobal tabhartais a thabhairt um Nollaig. Léiríodh sa suirbhé a fhlaithiúla atá muintir na hÉireann, agus 86% de na haosaigh uile ag rá gur chinnte nó gur dhóigh go dtabharfadh siad tabhartas do charthanas i rith na Nollag. Foilsíodh torthaí an taighde mar chuid de ghníomhaíocht phleanáilte a raibh mar aidhm léi daoine a spreagadh tabhairt ar bhealach eolach agus an Clár Carthanas a sheiceáil sula dtugann siad am, airgead nó earraí d'aon charthanas.

Chun cabhrú leis an aonad forbairt a dhéanamh ar acmhainní treorach an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais, thug sé suirbhéanna 'cuisle' isteach le linn na bliana freisin – ar suirbhéanna gearra iad atá éasca le comhlánú agus ina n-iarrtar ionchur agus moltaí ó iontaobhaithe carthanais.

# Imeachtaí

Gach bliain, reáchtálann an t-aonad um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí seimineáir agus imeachtaí eile ar mhaithe le tuilleadh treorach agus tacaíochta a thabhairt don earnáil carthanas. Áiríodh leo sin sa bhliain 2022 seimineáir Ghréasáin ar thopaicí amhail tuairisciú bliantúil agus rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid. Seoladh comhairliúchán le leas-sealbhóirí ar an gcaighdeán aicmiúcháin a bhí beartaithe freisin.

**"Go raibh maith agaibh, bhí an seisiún an-fhaisnéiseach"**

## Seachtain na nIontaobhaithe Carthanais

Charity Trustees' Week

## “Láithreoireacht an-fhiúntach. Go raibh maith agaibh.”

Eagraíodh féilire ollmhór imeachtaí don 6ú Seachtain bhliantúil Iontaobhaithe Carthanais, a bhí ar siúl ón 14 go dtí an 18 Samhain 2022. Is imeacht bliantúil é ina gceiliúrtar an rannchuidiú a dhéanann níos mó 76,000 iontaobhaí deonach ar fud na tíre atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar na hoibríochtaí atá ar bun ag an mbreis agus 11,500 carthanas cláraithe atá ag Éirinn, lena n-áirítear stiúrthóirí, comhaltaí boird agus comhaltaí coiste.

Eagraíonn an Rialálaí Carthanas an t-imeacht i gcomhpháirt le seacht mbratchomhlacht eile a oibríonn le hiontaobhaithe carthanais agus a dhéanann ionadaíocht dóibh: Boardmatch Ireland; Ionad Carmichael; Institiúid Carthanas Éireann; Dóchas; Pobal; Obair Dheonach Éireann; agus The Wheel.

D’óstáil an Rialálaí Carthanas trí imeacht thar an tseachtain, ar lena linn a reáchtáladh imeacht i bpearsa den chéad uair ón mbliain 2019. Sheolamar an caighdeán aicmiúcháin carthanas nua ag an gcéad imeacht dár gcuid, áit ar tugadh forbhreathnú ar aicmiúchán carthanas, ar na tairbhí a bhaineann leis agus ar an dóigh a gcuirtear i bhfeidhm sa chleachtas é. Tugadh sa seimineár Gréasáin sin freisin leideanna agus samplaí chun cabhrú le hiontaobhaithe carthanais a chinneadh cé na catagóirí laistigh den aicmiúchán atá ar na cinn is oiriúnaí dá gcarthanas, mar aon le faisnéis faoin bhfoirm aicmiúcháin carthanas a chomhlánú.




**Joe O’Brien TD, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht as Forbairt Pobail agus as Carthanais, in éineacht (ó chlé go deas) le Nina Arwitz, Obair Dheonach Éireann, le Scott Kelley, Institiúid Carthanas Éireann, le Madeleine Delaney, an Rialálaí Carthanas, le Diarmaid Ó Corrbuí, Ionad Carmichael, le Jane-Ann McKenna, Dóchas, le Anna Shakespeare, Pobal, agus le Hugh O’Reilly, The Wheel, agus iad ag déanamh ionadaíocht do na balleagraíochtaí de choiste stiúrtha Sheachtain na nIontaobhaithe Carthanais ag seoladh an imeachta don bhliain 2022.**

## “Comhairle an-mhaith faoin gclár rioscaí”



Helen Martin, Príomhfheidhmeannach, ag podchraoladh speisialta a thaifead Pobal chun Seachtain na nIontaobhaithe Carthanais a chomóradh.

Thaistilíomar go Baile Átha Luain don dara himeacht dár gcuid, áit ar díríodh ar an gCód Rialachais do Charthanais. Bhí an t-imeacht hibrideach sin, a óstáladh i gcomhar le hObair Dheonach Éireann, faoi chathaoirleacht ag Fergus Finlay, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Barnardo’s Ireland, agus tugadh léargas agus treoir phraiticiúil lena linn ar an dóigh ar féidir le carthanais an Cód Rialachais do Charthanais a úsáid chun cabhrú leo a chinntiú go reáchtáiltear a n-eagraíocht ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Ba le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus leis na rioscaí do charthanais a bhain an t-imeacht deiridh ar reáchtáil an Rialálaí Carthanas é. Eagraíodh an t-imeacht sin i gcomhar le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

Rannchuidigh Helen Martin, Príomhfheidhmeannach, le roinnt imeachtaí eile a reáchtáladh do leas-sealbhóirí i rith na seachtaine freisin.

# Bealaí Cumarsáide

## Caidreamh leis na Meáin agus Fógraíocht

Tá na meáin ina mbealach tábhachtach éifeachtach trínar féidir dul i bhfeidhm ar leas-sealbhóirí eile. D’fhoilsigh an Rialálaí Carthanas naoi bpreaseisiúint sa bhliain 2022. Mheall sé sin cumhdach náisiúnta agus réigiúnach araon, agus aird an phobail agus aird leas-sealbhóirí eile á dtarraingt ar raon nithe éagsúla. Áiríodh leo sin an tábhacht a bhaineann le tabhartais a thabhairt go heolach chun tacú le daoine atá thíos leis an gcogadh san Úcráin. Áiríodh leo freisin na fionnachtana ó imscrúdú reachtúil.

D’fhoilsigh an Rialálaí Carthanas ceithre fhógra phoiblí freisin, ar bhain dhá cheann díobh le tús a chur le himscrúduithe reachtúla ar charthanais.

Seoladh feachtas fógraíochta raidió náisiúnta chun feasacht a mhéadú ar an dóigh ar féidir leis an bpobal ábhair imní faoi charthanais a chur in iúl don Rialálaí Carthanas.

## An Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta

Fuair suíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas beagnach 124,000 cuairteoir uathúil sa bhliain 2022. Trí fhaireachán a dhéanamh ar an trácht ar ár suíomh Gréasáin agus ar an dóigh a n-úsáideann daoine é, cabhraítear linn sainaithint a dhéanamh ar na réimsí a bhfuil an spéis is mó ag ár leas-sealbhóirí iontu agus ar conas is fearr is féidir linn feabhas a chur ar eispéireas na ndaoine sin a amharcann ar ár gcuid oibre.

Uirlis ríthábhachtach cumarsáide don Rialálaí Carthanas is ea na meáin shóisialta. Is féidir linn iad a úsáid chun faisnéis a sholáthar agus chun aird a tharraingt ar an treoir atá ar fáil d’iontaobhaithe agus do charthanais. Leanamar lenár spriocphobal agus leis an líon leantóirí atá againn ar ár mbealaí sóisialta a mhéadú le linn na bliana 2022 trí thabhairt faoi ghníomhaíocht mhéadaithe.


## Ríomhiris an Rialálaí Carthanas

D’fhoilsíomar ceithre eagrán dár ríomhiris (nuachtlitir dhigiteach) ráithiúil, rud lena gcoinnítear carthanais chláraithe agus daoine den phobal a bhfuil spéis acu inár gcuid oibre cothrom le dáta faoina bhfuil ag tarlú i réimse na rialála carthanas, faoi imeachtaí agus faoin treoir atá ar fáil. Seachadadh an ríomhiris chuig breis agus 26,000 síntiúsóir sa bhliain 2022, lenar áiríodh iontaobhaithe carthanais, fostaithe carthanais agus daoine eile a bhfuil spéis acu in earnáil carthanas na hÉireann.

## Cumarsáid Inmheánach

Tacaíonn an t-aonad um Chumarsáid agus Caidreamh le cumarsáid inmheánach laistigh den eagraíocht. Chuireamar clár ilsrathach caidrimh chun feidhme le linn na bliana chun fostaithe a choinneáil ar an eolas faoi phríomhthionscnaimh agus faoi phríomhfhorbairtí, lenar áiríodh iad sin a bhaineann le cleachtais oibre. Cosúil lena lán eagraíochtaí, mar shampla, d’aistrigh an Rialálaí Carthanas ón obair chianda chuig samhail oibre cumaisc le linn na bliana de réir mar a maolaíodh na srianta a tugadh isteach ar aon dul le treoirlínte sláinte poiblí. Tar éis dul i gcomhairle le fostaithe, thug an Rialálaí Carthanas beartas um obair chumaisc isteach ar bhonn trialach i mí Dheireadh Fómhair.

Chun tacú le folláine foirne, bhunaíomar coiste sóisialta agus folláine fostaithe freisin chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chlár imeachtaí. Ina theannta sin, ag obair dúinn i gcomhar leis an gCeann Gnóthaí Corparáideacha, rinneamar suirbhé inmheánach a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun méadracht maidir le rannpháirtíocht agus sástacht fostaithe a bhunú.



# Rochtain ar Fhaisnéis

# Rochtain ar fhaisnéis

Tá an Rialálaí Carthanas tiomanta do leibhéil inrochtaineachta agus trédhearcachta a mhéadú nuair is féidir. Cé go gcuireann sainchúram an Rialálaí Carthanas teorainn leis an leibhéal sonraí a fhéadfaimid a fhoilsiú, amhail gníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh agus forfheidhmiú, tá ár dtiomantas le feiceáil sa dóigh a gcomhlíonaimid na freagrachtaí atá orainn i leith na Treorach maidir le Sonraí Oscailte, sa dóigh a bhfoilsímid miontuairiscí Boird ar ár suíomh Gréasáin agus sa dóigh a láimhseálaimid iarrataí eile ar shonraí agus ar fhaisnéis.

## Iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis a fuarthas

**Tábla 10**

| Cineál iarrata | An líon iarrataí a fuarthas |
|---|---|
| **Saoráil Faisnéise** | 58 |
| **Cosaint Sonraí** | 3 |
| **Sonraí Oscailte** | 0 |
| **Ceist ghinearálta** | 5 |

# Saoráil Faisnéise

Is leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a thugtar ceann amháin de na bealaí ina bhféadfaidh daoine rochtain a iarraidh ar fhaisnéis. Fuaireamar 58 n-iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2022. Ba le nithe neamhphearsanta a bhain a bhformhór (54 cinn). Bhí sé sin cothrom le méadú 29% ar an líon iarrataí a fuarthas sa bhliain 2021. Tugadh gach iarraidh i gcrích faoi dheireadh na bliana. Tógann sé ceithre huaire an chloig ar an meán chun iarraidh saorála faisnéise a chur i gcrích. Ciallaíonn sé sin gur caitheadh thart ar 281 uair an chloig ar iarrataí a chur i gcrích sa bhliain 2022.

Is féidir liosta iomlán de na hiarrataí uile ar fhaisnéis neamhphearsanta a fuarthas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a fháil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas.

## Staitisticí maidir le breitheanna a eisíodh

**Tábla 11**

| | Iomlán | Géilleadh don iarraidh | Géilleadh go páirteach don iarraidh | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh | Tarraingíodh an iarraidh siar nó déileáladh léi lasmuigh den réim saorála faisnéise | Athbhreithniú Inmheánach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pearsanta** | 4 | 0 | 2 | 1 | 1 | 0 |
| **Neamhphearsanta** | 54 | 4 | 36 | 9 | 5 | 1 |
| **Measctha** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 58 | 4 | 38 | 10 | 6 | 1 |
| **Ar oscailt ag deireadh na bliana** | 6 | 1 | 5 | 0 | 0 | 0 |

### Iarrthóirí

#### Tábla 12

| Iriseoirí | Grúpaí Gnó/ Sainleasa | Oireachtas | Baill Foirne | Cliaint (carthanais san áireamh) | Eile (daoine den phobal) | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 13 | 6 | 1 | 2 | 20 | 16 | 58 |

Fuair an Rialálaí Carthanas iarraidh amháin ar Athbhreithniú Inmheánach agus iarraidh amháin ar athbhreithniú ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa bhliain 2022. Mar thoradh ar an athbhreithniú inmheánach, athraíodh an bhreith bhunaidh agus eisíodh trí dhoiciméad bhreise. Tar éis an athbhreithnithe ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise, nuashonraigh an Coimisinéir Faisnéise an bhreith bhunaidh agus d’ordaigh sé don Rialálaí Carthanas cúig dhoiciméad bhreise a eisiúint chuig an iarrthóir.

## Iarrataí eile ar fhaisnéis

### Cosaint Sonraí

Fuair an Rialálaí Carthanas trí iarraidh ar rochtain d’ábhar sonraí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, sa bhliain 2022. Géilleadh go páirteach do dhá iarraidh, áit nár eisíodh ach an fhaisnéis a bhain leis na hiarrthóirí. Ba le hiarraidh léirscriosta a bhain an tríú hiarraidh. Ceanglaíodh ar an Rialálaí Carthanas diúltú géilleadh don iarraidh sin toisc go gceanglaítear air faoin reachtaíocht fostaíochta faisnéis phearsanta áirithe a choinneáil ar feadh méid sonrach ama sula scriosfaidh sé í.

### Sonraí Oscailte

Tá rún daingean ag an Rialálaí Carthanas cloí leis na freagrachtaí atá air faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte i ndáil leis na sonraí earnála poiblí ar fad a shealbhaíonn sé a eisiúint saor in aisce i bhformáid oscailte. Ar mhaithe le comhlíonadh agus trédhearcacht iomlán a chinntiú, thug an Rialálaí Carthanas faoi Iniúchadh Sonraí Oscailte chun na tacair sonraí ábhartha uile a shealbhaíonn sé a shainaithint agus chun cur chun feidhme a dhéanamh ar Phlean um Shonraí Oscailte a Fhoilsiú agus ar Threochlár um Shonraí Oscailte. Foilsítear na tacair sonraí oscailte uile tríd an tairseach **data.gov.ie**.

### Nochtadh Cosanta

Is “Duine Forordaithe” faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, atá i bPríomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas i gcás gach ní a bhaineann le rialáil carthanas de bhun an Achta Carthanas 2009.

Cuireadh sé nochtadh chosanta faoi bhráid an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2022. Rinne aonad an Rialálaí Carthanas um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú measúnú ar gach ceann díobh i gcomhréir lenár nós imeachta um nochtadh cosanta. Ní bhfuarthas aon nochtaí cosanta inmheánacha.

## Caidreamh le comhaltaí den Oireachtas

De réir Chiorclán 25 de 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, soláthraíonn an Rialálaí Carthanas bosca ríomhphoist tiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ó chomhaltaí den Oireachtas agus chun aiseolas a fháil uathu.

## Sáruithe Sonraí

Thit seacht sárú amach sa bhliain 2022. Sainaithníodh na sáruithe sin, agus deimhníodh iad a bheith ina sáruithe ísealriosca, tar éis measúnú ó Bhainisteoir Rialachais Faisnéise agus Oifigeach Cosanta Sonraí an Rialálaí Carthanas. Thosaigh an Rialálaí Carthanas ar neasteagmhais a logáil. Is iad sin cásanna ina n-éiríonn leis na coimircí atá i bhfeidhm aon sáruithe a d'fhéadfadh titim amach a fhritháireamh. Sainaithníodh ceithre theagmhas den sórt sin sa bhliain 2022.

## Ceisteanna ginearálta

Fuarthas cúig cheist ghinearálta maidir le saoráil faisnéise. Bhain siad sin le nithe amhail conas faisnéis a fháil ó charthanais nach bhfuil faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise agus conas faisnéis mhionsonraithe a fháil faoi airgeadas carthanas. Tá sa Chlár poiblí Carthanas an fhaisnéis airgeadais a chuir carthanais faoi bhráid an Rialálaí Carthanas trína dtuarascálacha bliantúla. Ní cheanglaítear ar charthanais chláraithe ráitis airgeadais mhionsonraithe a cheangal lena dtuarascálacha bliantúla faoi láthair.



# Rialachas agus Bainistíocht

# Rialachas agus Bainistíocht

Cuimsíonn an Rialálaí Carthanas cúig aonad gnó a thuairiscíonn don Phríomhfheidhmeannach. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as gnáthobair laethúil agus oibriú na heagraíochta a stiúradh agus as a chinntiú go gcuirtear straitéis agus cinntí an Údaráis chun feidhme ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Faoi Chuspóir Straitéiseach 4 den tríú Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2022-2024, féachann an Rialálaí Carthanas le hoibriú go héifeachtúil agus le seirbhísí feabhsaithe a sholáthar. Chuireamar tionscnaimh ar aghaidh le linn na bliana 2022 chun a chinntiú go mbainfí spriocanna ábhartha amach faoi dheireadh na bliana. Áiríodh leis sin:

- An Tionscadal Neamhspleáchais Chorparáidigh a chríochnú go substaintiúil;
- 95% de na hacmhainní riachtanacha foirne a chur i bhfeidhm;
- Méadracht maidir le rannpháirtíocht agus sástacht foirne a bhunú;
- Méadrachtaí maidir le sástacht custaiméirí a bhunú agus iad a athbhreithniú gach bliain.

Sannadh státseirbhísigh don Rialálaí Carthanas nuair a bunaíodh sa bhliain 2014 é, agus é beartaithe ag an am go ndéanfadh an Rialálaí a bhaill foirne féin a cheapadh agus a fhostú in am is i dtráth. Cé go raibh próifíl soláthar foirne na heagraíochta ag athrú, gabhadh mórthionscnamh de láimh le linn na bliana 2022 chun an t-athrú foirne a bhrostú agus a chríochnú mar chuid de thionscadal neamhspleáchais chorparáidigh. Is é an toradh a bheidh ar an tionscadal sin go nglacfaidh an Rialálaí Carthanas rialú iomlán ar a fheidhmeanna acmhainní daonna, párolla agus pinsean faoi dheireadh na bliana 2023.

Le linn na bliana 2022, d'oibrigh an Rialálaí Carthanas agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le chéile chun forbairt a dhéanamh ar chonairí trína bhféadfadh baill foirne atá sannta don Rialálaí Carthanas a éirí ina mbaill foirne atá fostaithe go díreach ag an Rialálaí agus trína bhféadfaí baill foirne atá ag iarraidh leanúint lena bheith ina státseirbhísigh a ath-imlonnú chuig an mór-státseirbhís.

Mar gheall ar mhéid na heagraíochta, d'imir cailleadh na mball foirne a d'fhill ar ais ar an státseirbhís tionchar suntasach ar an gcumas a bhí ag an Rialálaí Carthanas a chuid oibre a chur i gcrích ar an ngnáthbhealach le linn na bliana, agus leibhéil laghdaithe foirne aige. Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar ar sholáthar seirbhíse, sheas baill den lucht ardbhainistíochta isteach sa bhearna le linn dóibh leanúint ar aghaidh lena ngnáthobair laethúil agus tabhairt faoi mhórphróiseas earcaíochta. Faoi dheireadh na bliana 2022, mhéadaigh an líon ball foirne atá fostaithe go díreach ag an Rialálaí Carthanas ó chúig dhuine dhéag go dhá dhuine is daichead. Ar an tslí sin, baineadh an sprioc a bhí ag an Rialálaí ina leith sin amach agus cinntíodh go mbeadh grúpa níos cobhsaí de bhaill foirne atá cáilithe, seanchleachta agus oilte go cuí ag an Rialálaí sa todhchaí.

Neartaíodh an fhoireann bhainistíochta le linn na bliana trí dhaoine a cheapadh chuig na róil seo a leanas:

- Ceann um Imscrúduithe agus Forfheidhmiú; agus
- Ceann um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí.

Sheol an Rialálaí Carthanas Lámhleabhar d'Fhostaithe i mí an Mheithimh 2022. Tugtar sa Lámhleabhar sin treoir chuimsitheach ar na beartais, na nósanna imeachta agus na cóid atá ann laistigh den eagraíocht agus tá sé beartaithe a bheith ina dhoiciméad praiticiúil tagartha do bhaill foirne.

Tacaíonn an Rialálaí Carthanas go gníomhach le forbairt tallainne agus tugtar spreagadh do chomhghleacaithe barr a gcumais a bhaint amach agus cumasaítear dóibh déanamh amhlaidh. Mar aon le freastal ar na riachtanais ábhartha oiliúna a bhí ag daoine aonair, sholáthraíomar trí sheisiún inmheánacha oiliúna le linn na bliana 2022:

- Prionsabail Chosanta Sonraí, Saoráil Faisnéise agus Bainistíocht Taifead;
- Nochtadh Cosanta;
- Cibearshlándáil.

## Paindéim Covid–19 agus an filleadh ar an oifig

Tá an Rialálaí Carthanas lántiomanta do chur chun cinn a dhéanamh ar thimpeallacht oibre dhearfach ina gcuirtear riachtanais daoine aonair san áireamh, le linn dó riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh. Thosaigh an Rialálaí Carthanas filleadh diaidh ar ndiaidh ar an oifig sa bhliain 2022, agus baill foirne ag filleadh ar an oifig lá amháin in aghaidh na seachtaine ar dtús i mí an Mhárta. Tugadh Beartas um Obair Chumaisc isteach i mí Dheireadh Fómhair ansin, agus baill foirne ag caitheamh trí lá ar a laghad in aghaidh na seachtaine san oifig.

Cé gur cuireadh deireadh le formhór na srianta sláinte poiblí, bhí roinnt prótacal oifige i bhfeidhm go fóill. Trí úsáid a bhaint as áiseanna físchomhdhála ar líne agus as bogearraí cruinnithe, cumasaíodh do Bhord an Údaráis, do Choistí, don lucht bainistíochta agus do bhaill foirne bualadh le chéile ar bhealach tráthrialta struchtúrtha ar fud na bliana 2022. Chinntigh áiseanna fíorúla den sórt sin gur lean an Rialálaí Carthanas ar aghaidh leis na feidhmeanna reachtúla atá aige a chomhlíonadh agus le díriú ag an am céanna ar shláinte agus sábháilteacht ball foirne agus ar a bhfolláine trí thimpeallacht oibre dhearfach thacúil a chothabháil.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá sláinte agus sábháilteacht a bhall foirne an-tábhachtach don Rialálaí Carthanas agus féachann sé i gcónaí lena chinntiú go gcosnaítear baill foirne ar thimpistí nó drochshláinte ag an obair a mhéid is mó is féidir. Déanaimid é sin trína chinntiú nach gcruthaíonn ár n-áit oibre, ár dtrealamh ná ár gcórais aon riosca do shláinte agus sábháilteacht ár bhfostaithe. Táimid tiomanta do shábháilteacht gach duine a chinntiú agus d'aon ghníomh riachtanach a dhéanamh chun baill foirne a choimirciú ar rioscaí a thagann as gníomhaíochtaí san áit oibre.

Is é beartas an Rialálaí Carthanas na píosaí reachtaíochta seo a leanas, arna leasú ó am go ham, a chomhlíonadh ar a laghad:

- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Acht Uimh. 10 de 2005 (“Acht 2005”);
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2007 go 2016 (I.R. Uimh. 370 de 2016);
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tionóiscí agus Teagmhais Chontúirteacha a Thuairisciú), 2016 (I.R. Uimh. 370 de 2016).

D’fhostaigh an Rialálaí Carthanas sainghnólacht comhairleach sláinte agus sábháilteachta agus thug sé faoi roinnt tionscnamh gaolmhar le linn na bliana 2022. Áiríodh leo sin coiste sábháilteachta a chruthú, garchabhróirí agus maoir dhóiteáin a cheapadh agus a oiliúint, agus Ráiteas Sábháilteachta cuimsitheach a dhréachtú.

Féachann an Rialálaí Carthanas le sábháilteacht, sláinte agus leas a bhall foirne uile a chinntiú a mhéid is féidir le réasún. Féachann an Rialálaí Carthanas lena chinntiú freisin nach gcuirtear daoine eile nach fostaithe iad ach a bhféadfadh gníomhaíochtaí oibre an Rialálaí Carthanas difear a dhéanamh dóibh go fóill faoi réir rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte ná dá leas.

Chomh maith leis sin, d’fhostaigh an Rialálaí Carthanas a sholáthraithe seirbhísí sláinte ceirde féin chun cabhrú leis aghaidh a thabhairt ar a riachtanais sláinte ceirde a bhaineann leis an bhfostaíocht.


## Rianú Plean Gnó

Gach bliain, ullmhaíonn foireann bhainistíochta an Rialálaí Carthanas plean gnó. Bíonn an plean gnó ailínithe le baint amach na gcuspóirí sa Ráiteas Straitéise uainn agus ceadaíonn an Bord é. Sa phlean gnó, miondealaítear na cuspóirí sin ina ngníomhartha, ina ngarspriocanna, ina dtáscairí feidhmíochta, ina spriocdhátaí agus ina bhfreagrachtaí.

Déanann an fhoireann bhainistíochta Rianaire Plean Gnó a ullmhú agus a nuashonrú gach mí, rud ina ndéantar faireachán ar an dul chun cinn ar na spriocanna atá leagtha amach sa phlean gnó a bhaint amach agus ina sainaithnítear aon ghníomhartha a bhfuil baol ann nach gcuirfear i gcrích in am iad. Fágann sé sin gur féidir bearta maolaithe a bhreithniú agus a dhéanamh de réir mar is cuí. Déanann an Bord measúnú ar an Rianaire Plean Gnó freisin, agus athbhreithníodh é seacht n-uaire sa bhliain 2022.

# Rialachas Corparáideach

**Fíor 4 Eagraghram de struchtúr bainistíochta an Rialálaí Carthanas.**




Tá an Rialálaí Carthanas ina chomhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh faoin Acht Carthanas 2009 agus a rialaítear leis an Acht sin. Mar chomhlacht poiblí, oibrímid i gcónaí chun a chinntiú go gcomhlíonaimid na ceanglais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Faoin Acht Carthanas 2009, is é atá san Údarás Rialála Carthanas ná líon nach lú ná naonúr comhaltaí agus nach mó ná 20 comhalta. Is é/í an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail a cheapann comhaltaí de réir an Achta agus sealbhaíonn siad raon leathan scileanna agus taithí ar aon dul leis an Acht agus leis an gCód Cleachtais.

Bhí ochtar comhaltaí ann i mí Eanáir 2022. Mhéadaigh an líon sin go 13 chomhalta ag deireadh mhí Aibreáin 2022 nuair a cheap an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail cúigear comhaltaí nua. Tháinig téarma triúr comhaltaí den Bhord chun deiridh i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus ghlac triúr comhaltaí nua áit na gcomhaltaí sin sa mhí chéanna. Chuir an Rialálaí Carthanas Scéim um Tharmligean le chéile, rud ina leagtar amach príomhfheidhmeanna an Rialálaí Carthanas, lena n-áirítear na róil agus feidhmeanna a forchoimeádadh don Bhord agus iad sin a tarmligeadh chuig an bPríomhfheidhmeannach.

# Soláthar

Chuir ár n-aonad Gnóthaí Corparáideacha roinnt comórtas soláthair i gcrích go rathúil sa bhliain 2022, lenar áiríodh na comórtais seo a leanas:

1. Seirbhísí Oifigigh Cosanta Sonraí a sholáthar;
2. Seirbhísí Dlí a sholáthar;
3. Seirbhísí Faireacháin Meán a sholáthar;
4. Seirbhísí Inrochtaineachta Suímh Gréasáin agus Tairsí Ardáin Dhigitigh a sholáthar;
5. Seirbhísí Priontála agus Deartha a sholáthar;
6. Seirbhísí Sláinte agus Sábháilteachta a sholáthar;
7. Seirbhísí Sláinte Ceirde a sholáthar;
8. Seirbhísí Meastóireachta Seachtraí Rialachais a sholáthar;
9. Seirbhísí um Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaiste a sholáthar;
10. Bogearraí Bainistíochta Cruinnithe Boird a sholáthar;
11. Seirbhísí Anailísí Gnó a sholáthar don ardán digiteach;
12. Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal a sholáthar don ardán digiteach.

Baineann an Rialálaí Carthanas úsáid as Creat-Chomhaontuithe reatha na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair is féidir. I gcás nach mbeidh creataí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais ar fáil le haghaidh seirbhísí riachtanacha, déanann an Rialálaí Carthanas iarrataí iomaíocha ar mheastacháin agus seolann sé próisis tairisceana iomaíocha chun seirbhísí ábhartha a fháil trí sholáthar de réir na rialacha soláthair phoiblí.

# Bainistíocht Riosca

Áirítear le Creat Bainistíochta Riosca an Rialálaí Carthanas Beartas Bainistíochta Riosca, Ráiteas faoi Fhonn Riosca agus Clár Rioscaí Corparáideacha. Tá ár gCreat Bainistíochta Riosca ag teacht leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le Bainistíocht Riosca. Tá an Creat sin mionsonraithe sa rannán Ráiteas Airgeadais den Tuarascáil Bhliantúil.

Déanann an Bord an Beartas Bainistíochta Riosca agus an Ráiteas faoi Fhonn Riosca a athbhreithniú agus a cheadú ar bhonn bliantúil, mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ar bhonn tráthrialta. Rinne an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais athbhreithniú ar an gClár Rioscaí cúig huaire sa bhliain 2022 agus rinne an Bord an Clár Rioscaí a athbhreithniú agus a cheadú seacht n-uaire sa bhliain.

# Iniúchóireacht Inmheánach

Bhunaigh an Rialálaí Carthanas a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí féin de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) trí sheirbhísí a shocrú ó iniúchóir inmheánach tríú páirtí. Sheol an soláthraí seirbhíse clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais sa bhliain 2022. Cuireadh na hathbhreithnithe seo a leanas i gcrích sa bhliain 2022:

- Athbhreithniú ar Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha Airgeadais;
- Athbhreithniú ar Chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí;
- Athbhreithniú ar an Aonad um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí;
- Athbhreithniú ar phróisis chlárúcháin agus ar nósanna imeachta clárúcháin.

# Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Sa bhliain 2022, mar chuid dá thiomantas leanúnach do na hoibleagáidí atá air faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh, chuir an Rialálaí Carthanas bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuireann sé cearta an duine agus comhionannas san áireamh nuair a fhorbraíonn sé beartais agus nósanna imeachta agus nuair a dhéanann sé caidreamh lena chuid fostaithe agus custaiméirí agus é ag comhlíonadh an tsainordaithe atá aige cearta an duine atá ag baill foirne agus ag custaiméirí a chosaint.

I measc na dtionscnamh a gabhadh de láimh ina leith sin le linn na bliana bhí seoladh an Lámhleabhair d'Fhostaithe ón Rialálaí Carthanas, ina bpléitear le nithe amhail dínit agus meas ag an obair, inrochtaineacht, éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú, agus folláine foirne. Ina theannta sin, le tacaíocht ó Oifigeach Rochtana an Rialálaí Carthanas agus ón Aonad um Chumarsáid agus Caidreamh, rinne an eagraíocht iarracht feabhas a chur ar na cumarsáidí a sheolann sé chuig leas-sealbhóirí trí iad a dhéanamh inrochtana don oiread daoine agus is féidir. Áiríodh leis sin oiliúint a sholáthar do bhaill foirne i ndáil le hinrochtaineacht doiciméad leictreonach. Coimisiúnaíodh athbhreithniú neamhspleách ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas chun comhlíonadh Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí), 2020 - I.R. Uimh. 358 de 2020 - a sheiceáil, i measc nithe eile. Tosaíodh ar na fionnachtana a chur chun feidhme agus críochnófar an obair sin le linn na bliana 2023. Rinneadh athruithe freisin ar an inneachar ar an suíomh Gréasáin, ar threoirdhoiciméid agus ar ábhair chorparáideacha eile mar chuid de thiomantas an Rialálaí Carthanas don inrochtaineacht, lena n-áirítear na prionsabail um Béarla soiléir.

# An tÚdarás Rialála Carthanas

# An tÚdarás Rialála Carthanas

## Comhaltaí den Údarás

**Tábla 13: Comhaltaí den Údarás**

| | |
|---|---|
| **Patrick Hopkins, Cathaoirleach** | **Lorraine Lally****** |
| **David Brady*** | **Darren Lehane SC***** |
| **Tom Costello*** | **Máire McMahon** |
| **Patricia Cronin*** | **Michael O'Sullivan***** |
| **Cathy Holahan**** | **Martin Sisk** |
| **Nicola Keogh**** | **An Dr Geraldine Smith**** |
| **Rosemary Keogh** | **Ercus Stewart SC** |
| **Stephen Keogh***** | **Tony Ward**** |

* Chuaigh téarma an chomhalta seo in éag an 15 Deireadh Fómhair 2022

** Thosaigh tionacht an chomhalta seo an 27 Aibreán 2022

*** Thosaigh tionacht an chomhalta seo an 26 Deireadh Fómhair 2022

## Cothromaíocht inscne sa chomhaltas den Údarás

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí an comhaltas den Údarás comhdhéanta de sheisear ban (46%) agus de sheachtar fear (54%). Níl aon phoist folamh. Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá ag an Rialtas go mbeadh an dá inscne freagrach as 40% ar a laghad den chomhaltas de Bhoird Stáit.

Cé gur ar an Aire atá an fhreagracht as comhaltaí a cheapadh chuig an Údarás, cuirtear cothromaíocht inscne agus éagsúlacht i gcomhaltas boird chun cinn sa Bheartas ón Rialálaí Carthanas um Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú do Chomhaltaí den Údarás. Cuirtear chun cinn go sonrach ann bearta a bhfuil mar aidhm leo ionadaíocht 40% do mhná agus d'fhir a chothabháil ar Bhord an Údaráis agus, nuair is cuí, an figiúr sin a shárú, ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Faoin Acht Carthanas 2009, féadfaidh an tÚdarás Coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a thabhairt dó i ndáil lena fheidhmeanna. Bhunaigh an tÚdarás ceithre choiste, is iad sin:

1. An Coiste Rialála;
2. An Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach;
3. An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais;
4. An Coiste Seirbhísí Carthanais.

# An Coiste Rialála

Déanann an Coiste Rialála formhaoirseacht ar a éifeachtaí atá an dóigh a gcomhlíonann an tÚdarás na feidhmeanna clárúcháin, na feidhmeanna tuairiscithe agus na feidhmeanna eile rialála atá aige agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm aige ina leith sin. Tháinig sé le chéile cúig huaire sa bhliain 2022.

Bhí na daoine seo a leanas ina gComhalta den Choiste le linn na bliana 2022:

- Tom Costello (Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás)*
- Martin Sisk (Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás)**
- David Brady (Comhalta den Údarás)*
- Tony Ward (Comhalta den Údarás)***
- Cathy Holahan (Comhalta den Údarás)****
- Katie Cadden (Comhalta Seachtrach)

* Chuaigh téarma an chomhalta seo in éag an 15 Deireadh Fómhair 2022.

** Ceapadh an comhalta seo mar Chathaoirleach an 22 Meán Fómhair 2022.

*** Ceapadh an comhalta seo an 23 Meitheamh 2022.

**** Ceapadh an comhalta seo an 22 Meán Fómhair 2022.

# An Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach

Déanann an Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus an lucht ardbhainistíochta, déanann sé meastóireacht ar leordhóthanacht na n-acmhainní atá i bhfeidhm, agus cuireann sé comhairle ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an lucht ardbhainistíochta maidir le nithe gaolmhara. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire sa bhliain 2022.

Bhí na daoine seo a leanas ina gComhalta den Choiste le linn na bliana 2022:

- Patrick Hopkins (Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás)
- Tom Costello (Comhalta den Údarás)*
- Patricia Cronin (Comhalta den Údarás)*
- Geraldine Smith (Comhalta den Údarás)**
- Máire McMahon (Comhalta den Údarás)***

* Chuaigh téarma an chomhalta seo in éag an 15 Deireadh Fómhair 2022.

** Ceapadh an comhalta seo an 22 Meán Fómhair 2022.

*** Ceapadh an comhalta seo an 23 Meitheamh 2022.

# An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais 2022

Tugann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais comhairle ar nithe a bhaineann le Tuairisciú Airgeadais, le Bainistíocht Riosca, le Córais Rialaithe Inmheánaigh, le hIniúchóireacht agus leis an bpróiseas atá i bhfeidhm ag an Rialálaí Carthanas le haghaidh faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh a oibleagáidí reachtúla. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire sa bhliain 2022.

Bhí na daoine seo a leanas ina gComhalta den Choiste le linn na bliana 2022:

- Rosemary Keogh (Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás)
- Máire McMahon (Comhalta den Údarás)*
- Martin Sisk (Comhalta den Údarás)*
- Geraldine Smith (Comhalta den Údarás)**
- Cathy Holahan (Comhalta den Údarás)**
- Martin Corboy (Comhalta Seachtrach)***
- Michelle Walshe (Comhalta Seachtrach)***

* Chuaigh téarma an chomhalta seo in éag an 23 Meitheamh 2022.

** Ceapadh an comhalta seo an 23 Meitheamh 2022.

*** Ceapadh an comhalta seo an 1 Eanáir 2022.

# An Coiste Seirbhísí Carthanais

Cabhraíonn an Coiste seo leis an Údarás na feidhmeanna a dílsíodh do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla roimhe sin a chomhlíonadh. Áirítear leo sin diúscairt maoine carthanais, ceapadh iontaobhaithe carthanais nua agus dílsiú maoine carthanais d’iontaobhaithe carthanais a údarú, scéimeanna corpraithe agus scéimeanna Cy-près a cheapadh agus athrú, agus deontais agus scoláireachtaí a cheadú.

Tháinig an Coiste le chéile naoi n-uaire sa bhliain 2022.

Bhí na daoine seo a leanas ina gComhalta den Choiste le linn na bliana 2022:

- Ercus Stewart (Cathaoirleach)
- Patricia Cronin (Comhalta den Údarás)*
- David Brady (Comhalta den Údarás)*
- Nicola Keogh (Comhalta den Údarás)**
- Lorraine Lally (Comhalta den Údarás)**
- Graham Richards (Comhalta Seachtrach)
- An Breitheamh John O’Connor (Comhalta Seachtrach)
- John Gill (Comhalta Seachtrach).

* Chuaigh téarma an chomhalta seo in éag an 15 Deireadh Fómhair 2022.

** Ceapadh an comhalta seo an 23 Meitheamh 2022.

**Tábla 14: Comhaltas agus freastal ag cruinnithe Boird agus Coiste sa bhliain 2022**

| | Cruinnithe an Údaráis | An Coiste Rialála | An Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach | An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais | An Coiste Seirbhísí Carthanais |
|---|---|---|---|---|---|
| | 9 gcruinniú | 5 chruinniú | 3 chruinniú | 5 chruinniú | 9 gcruinniú |
| **Patrick Hopkins** | 9/9 | | Cathaoirleach 3/3 | | |
| **David Brady** | 6/7 | 4/4 | | | 5/5 |
| **Tom Costello** | 7/7 | Cathaoirleach 4/4 | 1/1 | | |
| **Patricia Cronin** | 6/7 | | 1/1 | | 5/5 |
| **Cathy Holahan** | 5/6 | 1/1 | | 1/2 | |
| **Nicola Keogh** | 6/6 | | | | 4/4 |
| **Rosemary Keogh** | 7/9 | | | Cathaoirleach 5/5 | |
| **Stephen Keogh** | 1/1 | | | | |
| **Lorraine Lally** | 6/6 | | | | 4/4 |
| **Darren Lehane SC** | 1/1 | | | | |
| **Máire McMahon** | 8/9 | | 2/2 | 3/3 | |
| **Michael O'Sullivan** | 1/1 | | | | |
| **Martin Sisk** | 7/9 | Cathaoirleach 5/5 | | 3/3 | |
| **An Dr Geraldine Smith** | 6/6 | | 2/2 | 2/2 | |
| **Ercus Stewart SC** | 8/9 | | | | Cathaoirleach 9/9 |
| **Tony Ward** | 6/6 | 2/2 | | | |
| **Comhaltaí Seachtracha Coiste** | | | | | |
| **Katie Cadden** | | 5/5 | | | |
| **Martin Corboy** | | | | 4/5 | |
| **John Gill** | | | | | 9/9 |
| **An Breitheamh John O'Connor** | | | | | 7/9 |
| **Graham Richards** | | | | | 8/9 |
| **Michelle Walshe** | | | | 4/5 | |

# An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

# An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

**Bhí na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin sa bhliain 2022:**

| | |
|---|---|
| **Helen Martin** | Príomhfheidhmeannach |
| **Madeleine Delaney** | Stiúrthóir Gnóthaí Dlí agus Clárúcháin |
| **Thomas Mulholland** | Stiúrthóir um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú |
| **Malachy Cardiff** | Ceann Gnóthaí Corparáideacha agus Rúnaí do Bhord an Rialálaí Carthanas |
| **Geraldine McCarthy** | Ceann um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí (A ceapadh i mí an Mhárta 2022) |
| **Niall Scanlon** | Ceann Airgeadais |
| **Meagan Gill** | Ceann Clárúcháin |
| **Seán O'Connor** | Ceann Seirbhísí Carthanais |
| **Jelena Griscenko** | Ceann um Fhaireachán ar Chomhlíonadh |
| **James Kelly** | Ceann um Imscrúduithe agus Forfheidhmiú (A ceapadh i mí an Mheithimh 2022) |
| **Alan Fitzgerald** | Comhairleoir Dlí |

# Ráitis Airgeadais

# Ráitis Airgeadais

## An tÚdarás Rialála Carthanas

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

### Comhaltaí Boird

| | |
|---|---|
| **Patrick Hopkins** | (Cathaoirleach) |
| **David Brady** | (A d'éirigh as an ról an 15 Deireadh Fómhair 2022) |
| **Tom Costello** | (A d'éirigh as an ról an 15 Deireadh Fómhair 2022) |
| **Patricia Cronin** | (A d'éirigh as an ról an 15 Deireadh Fómhair 2022) |
| **Cathy Holahan** | (A ceapadh an 27 Aibreán 2022) |
| **Nicola Keogh** | (A ceapadh an 27 Aibreán 2022) |
| **Rosemary Keogh** | |
| **Stephen Keogh** | (A ceapadh an 26 Deireadh Fómhair 2022) |
| **Lorraine Lally** | (A ceapadh an 27 Aibreán 2022) |
| **Darren Lehane** | (A ceapadh an 26 Deireadh Fómhair 2022) |
| **Máire McMahon** | |
| **Michael O'Sullivan** | (A ceapadh an 26 Deireadh Fómhair 2022) |
| **Martin Sisk** | |
| **Geraldine Smith** | (A ceapadh an 27 Aibreán 2022) |
| **Ercus Stewart** | |
| **Tony Ward** | (A ceapadh an 27 Aibreán 2022) |

## Riarachán

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

### Príomhfheidhmeannach

Helen Martin

### Oifig

3 Duga Sheoirse, LSAI, Baile Átha Cliath 1, D01 X5X0

# Ráitis Airgeadais

Is tógtha ó na Ráitis Airgeadais Iniúchta atá an fhaisnéis achoimrithe airgeadais sa tuarascáil seo. Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh.

## Cuntas Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais don Rialálaí Carthanas

### An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | 4,245 | 4,084 |
| **Ioncam Iomlán** | **4,245** | **4,084** |
| | | |
| **Caiteachas** | **€'000** | **€'000** |
| Costais Foirne | 2,458 | 2,317 |
| Riarachán | 1,776 | 1,778 |
| Iniúchóireacht | 17 | 17 |
| Dímheas | 186 | 185 |
| **Caiteachas Iomlán** | **4,437** | **4,297** |
| **Barrachas/(Easnamh) Ioncaim thar Chaiteachas** | **(192)** | **(213)** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 186 | 169 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **(6)** | **(44)** |
| **Cúlchistí tosaigh** | **(73)** | **(29)** |
| **Cúlchistí deiridh** | **(79)** | **(73)** |

Tá faisnéis níos mine ar fáil sna Ráitis Airgeadais iomlána don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus sa deimhniú ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais. Tá na nithe sin ar fáil ar ár **suíomh Gréasáin** (www.charitiesregulator.ie).

# Ráitis Airgeadais – Cistí Carthanas

Is tógtha ó na Ráitis Airgeadais Iniúchta atá an fhaisnéis achoimrithe airgeadais sa tuarascáil seo. Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh.

## Cuntas Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais do na Cistí Carthanas

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| Fáltais | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| An Comhchiste Infheistíochta/Fáltais eile | 1,037 | 1,570 |
| Ús | - | - |
| **Fáltais Iomlána** | **1,037** | **1,570** |
| | | |
| **Íocaíochtaí** | **€'000** | **€'000** |
| Aistrithe chuig an gComhchiste Infheistíochta agus íocaíochtaí eile | (968) | (1,296) |
| **Caiteachas Iomlán** | **(968)** | **(1,296)** |
| | | |
| **Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas** | **69** | **274** |
| **Cúlchistí tosaigh** | **1,124** | **850** |
| **Cúlchistí deiridh** | **1,193** | **1,124** |

Tá faisnéis níos mine ar fáil sna Ráitis Airgeadais iomlána don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus sa deimhniú ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais. Tá na nithe sin ar fáil ar ár **suíomh Gréasáin**.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon Freagrachta

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Rinne an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais agus an Bord athbhreithniú ar an ráiteas seo chun a chinntiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais i bhfeidhm ag an Údarás, rud a chuimsíonn triúr comhaltaí Boird a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu agus a bhfuil duine amháin díobh ina C(h)athaoirleach ar an gCoiste, mar aon le beirt eile atá ina gcomhaltaí seachtracha. Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais le chéile cúig huaire sa bhliain 2022.

Bhunaigh an tÚdarás a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí féin freisin trí sheirbhísí a shocrú ó iniúchóir inmheánach tríú páirtí. Sheol an soláthraí seirbhíse clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais sa bhliain 2022.

Chuir an tÚdarás beartas bainistíochta riosca le chéile, rud a ndéanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais athbhreithniú air. Leagtar amach ann an fonn riosca atá ar an Údarás agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige agus mionsonraítear ann na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig

gach ball foirne agus táthar ag súil leis go gcloífidh siad leis. Chuir an tÚdarás próiseas bainistíochta riosca ar bun freisin chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialaithe ionas gur féidir leo freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Ar bhonn ráithiúil, déanann an lucht ardbhainistíochta an Clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta agus athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais é. Úsáidtear na hathbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa Chlár Rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta;
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Oiriúnaíodh gnéithe áirithe den timpeallacht rialaithe laistigh den eagraíocht chun maolú a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as na srianta áit oibre a forchuireadh de bharr phaindéim Covid-19.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Tá na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Chomhlíon sé na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2022.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an tÚdarás ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Ba i mí Eanáir 2022 a rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2021. Ba i mí Eanáir 2023 a rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2022 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

An Rialálaí Carthanas
Carthanas

Charities
Regulator

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
LSAI Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2022 – Rev 000
© An Rialálaí Carthanas 2023